

# An Caomhóir

Nuachtlitrí Fhondúireacht an Bhlascaoid 2008

Uimh. 29

€6.00



**NIALL O'DOWD**  
eagarthóir an *Irish Voice*  
a d'oscail Ceiliúradh an  
Bhlascaoid 2008 (féach lch.8)

Oifig na nOibreacha Poiblí, An  
Roinn Comhshaoil, Oidhreachta  
agus Rialtais Áitiúil, chomh maith  
leis an Roinn Gnóthaí Pobail,  
Tuaithe agus Gaeltachta,  
chun teacht le chéile anois leis  
na céad céimeanna eile a phlé  
a chuirfeadh cinneadh An Rialtais  
de Mhárta 2002 i gcrích.

*OPW, together with the Department of Environment, Heritage and Local Government and also the Department of Community Rural and Gaeltacht Affairs to meet for discussions on the next steps in implementing the Government decision of March 2002.*

## Focal ón gCathaoirleach



Fáiltimidne go léir sa bhFondúireacht roimh an scéala ón mBord Pleanála go bhfuilid ag ceadú na bhforbairtí maidir le caifé agus seomraí eile ar an mBlascaod Mór. Níl aon amhras fén spéir ormsa ná go bhfuil toil an Phobail Chultúrtha agus Oidhreachta ag teacht leis seo agus go n-osclaíonn sé an ród agus an doras do ullmhú an oileáin i dtreo Pháirc Oidhreachta Domhanda. Tá go leor cur agus cúitimh, aighnis agus achraimn gafa tríd acu siúd gur spéis leo ceist an Oileáin i slí amháin nó i slí eile agus anois nó riamh is maith is mithid dúinn go léir cur le chéile i dtreo is go mbeidh scéal draíochtúil, oidhreachtúil seanchais gaelach na nglúinte iar Bhlascaodach ar fáil do shliocht sleachta ár gclainne. Tá go leor leor oibre le déanamh, talamh le ceannach, céanna le tógaint agus caomhnú ailtireachta le déanamh ar na sean fhothraigh agus córas foirfe bainistíochta le cur i réim.

“Ní neart go cur le chéile,” a deir an seanfhocal. Is fúinne go léir gur spéis linn an oidhrecht shaibhir seo a chaomhnú atá sé sampla an tseanfhoicail seo a leanúint i dtreo is go gcuirfeall spriocanna dearfacha i gcrích láithreach bonn. Táimidne sa bhFondúireacht lán tsásta ár gcuid a dhéanamh agus táimid ag súil le bheith rannpháirteach sa Choiste Bainistíochta a thabharfaidh, le cúnamh Dé, treocht dearfacha sláintiúil don dtionscnamh.

Gabhaim buíochas ó chroí leo siúd go léir a thacaigh in aon tslí chun an cheist chasta maidir leis an mBlascaod Mór a thabhairt chomh fada seo. Ní dhearmadaim ach oiread Coiste Cheiliúradh an Bhlascaoid – comhfhiontar idir sinn féin agus an t-ionad i nDún Chaoin. Níl aon amhras ná gur ard cheiliúradh, Imirce agus Imigéin, a bhí ann i mbliana. Bhí a rian san le tabhairt fé ndeara ar na sluaite a fhreastail air i rith na deireadh seachtaine go léir.

–Pádraig Firtéir

Le foilsíú le linn 2009

## Díolaim ón mBlascaod A Basket Anthology

An Dr Pádraig Ó Héalaí  
agus An Dr Liam P. Ó Murchú  
Cló Iar-Chonnachta

## Buíochas ón Eagarthóir

Buíochas don Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, as a dtacaíocht. Do bhaill Coiste na Fondúireachta as a gcabhair agus a gcomhairle; do Mhicheál de Mórdha, Bainisteoir, agus foireann Ionad an Bhlascaoid; do bhaill Chomharchumann Forbartha Corca Dhuibhne; d’Aifric Uí Bhrosnacháin as chlóschríobh; dóibh siúd a chuir dánta – Bernadette Nic a’ tSaoir, Dairena Ní Chinnéide, Peadar Ó hUallaigh agus Joe Cronin; dóibh siúd i gcéin is i gcóngar a chuir altanna – Máirín Ní Chearna-Hickey, Robert Kanigel, Niall O’Dowd, Yvonne Drury, Audrey O’Carroll, Pádraic Ó Catháin, Micheál de Mórdha, Breandán Feirtéir, Pádraig Firtéir, Micheál Ó Cinnéide, Domhnall Mac Síthigh, Niamh Ní Chriomhthain-Uí Laoithe, Lorcán Ó Cinnéide agus do Chríostóir Mac Cárthaigh, Roinn Bhéaloideas Éireann; agus do Bhreandán Ó Murchú as griangrafanna suimiúla a chur ar fáil. Buíochas do Mháirín Feirtéir, eagarthóir comhairleach, agus d’Fheargal Mac Amhlaoibh agus ‘Inné’ as an ndearadh.

Guím Nollaig mhór mhaith ar ár gcairde in Éirinn is i gcéin, agus go gceifimid rath agus forbairt ar scéal an Bhlascaoid sna blianta romhainn.

– E. Uí C.

## San Eagrán Seo

Seán Ó Criomhthain	3
An Bhean Uasal	3
Bhí Ceist na mBóithre riamh ann	4
I gCuimhne ar Labhrás Ó Slatara	6
Cnuasach Seanfhocal	6
Leanbhaín ag Caoineadh	7
Peig ar Scoil Dhún Chaoin arís	7
Ceiliúradh an Bhlascaoid 2008	8
Scéal Nollag: An Spailpín	10
Honeymoon-Island-Book	12
Tom Biuso	13
Inis Tuairceart	13
Gone With the Wind	14
Hoirt Diamhair Draíochtúil	16
Iascaireacht ar an mBlascaod	18
The Basket Music Tradition	20
Cinneadh an Bhoird Phleanála	22
Rolf Hook: Ealaíontóir	26
Lá an Dreoilín	27
Kilimanjaro Climb	28
Cuairt ar an mBlascaod	28
I gCuimhne David Byers	29
An Cóipleabhar Scoile	30
Imeachtaí sa Ionad	31

## CINNEADH AN BHOIRD PHLEANÁLA RÁITEAS Ó OIFIG NA nOIBREACHA POIBLÍ

Cuireann Oifig na nOibreacha Poiblí fáilte roimh cinneadh an Bhoird Phleanála chun cead a thabhairt d’fhorbairtí An Blascaod Mór Teoranta ar an Oileán. Ba ar cheann de na coinníollacha díolacháin sealúchas BMT le hOifig na nOibreacha Poiblí an cead seo agus é mar aidhm sonraithe againne na sealúchais i ‘Limistéar Críoláir Caomhnaithe’ an seanbhaile a shealbhú.

Tiocfaidh Oifig na nOibreacha Poiblí, An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, chomh maith leis an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, le chéile anois chun na céad céimeanna eile a phlé a chuirfeadh cinneadh An Rialtais de Mháirta 2002 i gcrích.

*The Office of Public Works (O.P.W.) welcomes the decision of An Bord Pleanála in granting permission to B.M.T. for their development on the Island. This permission was one of the conditions of sale of BMT’s holdings to the O.P.W. and our stated aim of acquiring holdings in the ‘Core conservation area’ of the old village.*

*The OPW, together with the Department of Environment, Heritage and Local Government and also the Department of Community Rural and Gaeltacht Affairs will now meet to discuss the next steps in implementing the Government decision of March 2002.*

George Moir  
Oifigeach Caidrimh Phoiblí/Public Relations Officer

# Seán Ó Criomhthain

*Niamh Ní Chriomhthain-Uí Laoithe*

Cúntas beag anseo ar m'athair Seán Ó Criomhthain – Seán Thomáis Dhomhnaill – a ghlaoidís air ins an mBlascaod.

Nuair bhíomair óg ag fás suas ar an Muiríng ní raibh aon speilp orainn, agus mo chuimhní is sia siar ná m'athair bheith ag obair cruaidh ag iascach agus ag obair ar na scéimeanna oibre nuair a bhídís ann, chun pingin a dhéanamh, ar nós a lán eile mar é.

Níos déanaí sa tsaoil nuair thugaimís turas ar an mBlascaod sa tSamhradh go dtí muintir mo mháthar isea thosnaíos ag tuiscint an strus agus an callaith chuireasa ar mo mhuintir chun mé chur ar scoil. Ón litir a fuair Seán ón “Seabhac” Pádraig Ó Siochrú dár dáta 21/4/37 deir sé, “Is maith liom leis, scéal na mná óige sin atá tagaithe chughaibh. Go slánuighe Dia í agus go raibh sí na seod is na compond dá Máthair agus Athair.” Insan litir sin chomh maith bhí sé cur comhairle ar Sheán maidir le aistriú amach. Dá réir sin bhíodar ag cuimhneamh ar sin ó rugadh mise dóibh.

Tá cuntas ar a smaointe go léir ar an aistriú ina leabhar *Lá Dár Saol* a foilsíodh i 1969 agus a aistríodh go Béarla i 1993 fé'n dteideal *A Day in Our Life*, Oxford University Press, ag Tim Enright.

I 1968 fuair *Lá Dár Saol* an tarna duais ag an Oireachtas. Bhíodh sé i gcónaí ag scríobh litreacha go dtí nuachtáin Gaelainne “Amáireach” agus ailt le cur i gcló.

I 1957 bhí sé páirteach in “Óiceanta Seanchais” i Halla Damer i mBaile Átha Cliath i dteannta Mícheál Breathnach (Cathair Scuilibín), Mícheál Ó Guithín (An File), Breandán Ó Cíobháin (Muiríoch). De réir tuairiscí agus pictiúr sa pháipéar ag an am céanna chuardar ar toscaireacht go teach Laighean chun bualadh leis an dTeachta Dála Dan Moloney ag lorg cabhair chun feabhsú bóithre sa Ghaeltacht anseo. Bhíodar chun bualadh leis an dTaoiseach ag an am leis chun cabhair d'fháil do fhoraoiseacha agus gnóthanaí beaga don áit!

Bhí Seán páirteach i geláracha ar Raidió na Gaeltachta go minic leis, ar nós “Fios Farraige” ins na seachtóidí.

Tar éis domsa dul thar lear bhínn ag scríobh go dtí m'athair ag eachtraí do ar an saol i dtír mhór na Stáit Aontaithe

agus an chéad lá eile bheadh sé curtha i gcló in *Amáireach* aige! Mar shampla, turas ar an Empire State Building, srl.

I 1958 thug sé fé thuras farraige i naomhóg chun clár telefíse a dhéanamh don B.B.C. é féin agus Pádraig Ó Ceárna ón mBlascaod a bhí ‘na chónaí ar an Muiríng, Tom Mhic Gromail ó Chathair Scuilibín agus Muiris Ó Conchubhair ón Muiríng, colceathair Sheáin. Tá cur síos maith ar an dturas san i seanchóip do *Amáireach* agus i bpáipéir nuachta Béarla an ama san. Ambaist deir sé ar deireadh ná beadh eagla air tabhairt fé arís.

Ócáid eile go bhfuair sé ana shásamh ann ab ea nuair nochtadh leac cuimhneacháin ós cionn uaigh Thomáis Ó Criomhthain ins an sean reilig i nDún Chaoin – curtha ann ag cairde Thomáis, i mí Samhan 1957.



Tá cur síos ag Eibhlís, a bhean chéile, i gcuideál litreacha ar an meas mór a bhí aige ar Robin Flower “Bláithín” agus go n'imigh sé do “Shuibhal na gCos” go Dún Chaoin nuair a tháinig luathreach Bhláithín le scaipeadh san Oileán – ach toisc ná fuair sé ach síob tamall don slí, nuair a bhain sé amach barra na Faille Móire fuair sé amach go raibh an tsochraid imithe isteach tamall roimhe sin. Bhí air casadh timpeall agus a shlí a dhéanamh abhaile arís.



## An Bhean Uasal

*(I gcuimhne  
Mháire Ní Chéilleachair)*

Tá smúit ar an saol  
Laiatar den Daingean  
Is ar an Leataobh Mór.

An bhean uasal ar lár  
Is í atá léannta  
Tuisceanach lách.

Is í an scoláire mín  
Do thuig dúinn go léir  
Do réitigh ár gceist  
Lena freagra úr nuálach.

Dia dár réiteach inniu  
Is poll dubh romhainn amach  
Ó Shliabh an Iolair  
Go barra Chnoc Bhréanainn.  
Idir mhín is fraoch  
Tá an léann i ndísc  
Is anois cá ragham?

A Máire fóir orainn  
Ó do chathaoir mhúinteora  
Sa rang is airde dá bhfuil ann.

—Bernadette Nic an tSaoir

Bhí sé sásta go maith nuair d'fhillas abhaile agus phósas anseo, cé ná raibh an saol ró mhaith an uair sin féin ach ná raibh aon ocras ar éinne. An chuimhne is déanaí atá agam air ná nuair thugas an bheirt is óige don gclann chuige chun iad a fheiscint agus an mion gháire ar a aghaidh féachaint ó dhuine go duine acu.

Fuair Seán bás go tubaisteach 8ú Mí na Nollag agus sin rud ná himeoidh as ár gcroithe go deo – Beannacht Dílis Dé le'n anam agus gach éinne atá luaite anseo agam.

Foilsíodh píosa maith scríobh-nóireachta le Seán san leabhar *Leoithne Aniar* i 1982, chomh maith le hagallamh leis. Is mór an trua ná cuireadh i gcló eagrán eile do, le bheith ar fáil sna siopaí.

## Bhí ceist na mboithrí riamh ann!

### An Bóthar nua i bparóiste Dhún Chaoin

Tráthnóna Dhomhnach Cásca 2007 chualthas glór millteach tamall amach ó Ché Dhún Chaoin. An tóirneach a bhí ann? Ní hea, ach taobh an chnoic ag scoilt agus ag titim anuas isteach sa bhfarraige, cuid den bhóthar imithe leis — ach, buíochas le Dia, gan aoinne imithe le fail.

Cuireadh glooch láithreach ar na hudaí chuí. Fágadh baile amháin gan uisce, gan solas. Conas a thiocfadh an trácht - na busanna agus na cuairteoirí timpeall Chinn Sléibhe? Bhí an bóthar iata ag Ard a' Bhóthair. Mar sin d'fhéadfadh trácht éigin dul suas an Clasach.

Ach níor chaill daoine ná lucht Chomhairle Condae Chiarraí a misneach. D'ullmhaíodar láithreach agus bhí bóthar sealadach tógtha laistigh de sheachtain. Cabhair Dé chugainn, nach iontach iad na lorráithe móra agus an cur chuige! Is mór idir 1908 agus 2008. Ansin ag deireadh an tsamhraidh,



Ballinknockane,  
Ballydavid P.O.  
Dingle  
October 23rd 1908

To the Secretary of the L.G. Board

Sir,

I am informed it is the intention of your Board that Dr. J. Moriarty should live in Ventry and on having consulted the people of this parish re the matter I think this an opportune time to protest against such a proceeding, on behalf of myself and my parishioners, where I represent on the Dingle Board of Guardians, for the following reasons:-

Ventry is about 10 miles on an extremely bad and dangerous road from the majority of the population of the Ventry Dispensary District i.e. all those who live to the north of Gallarus Strand, the first three miles being a road which runs along the verge of a very dangerous cliff, the next 3 miles being across Gallarus Strand, which is only passable in very fine weather. In fact it is only by the kind help of the natives that a good many lives have been saved in the great floods of recent years, as the strand becomes very soft in wet weather, so much so, that any car going through it is liable to sink, and quite recently the Parish Priest of Ballyferriter and his curate had to be taken by the natives on their backs for over a mile across the strand.

The Congested Districts Board has given a grant of £170 and the Co. Council £130 towards the construction of a road to avoid this dangerous passage across the strand. The road is at present advertised for contract, and the Guardians have adjourned the question of building a residence for Dr. Moriarty until such time as the said road is completed as it will make both sides of the District easily accessible. They also intend to fix the site of the residence somewhere in the Eastern Division of Kilmalkidar - it being the most central part of the district - and this proposed new road will run through the middle of it.

If you consult the map of this Ventry Dispensary District you can see it would be ridiculous for any sane man to say that Ventry would be suitable for the Medical Officer to reside in, as it would only accommodate about a tenth of the population.

Hoping to hear that you will not insist on Ventry as permanent residence as really it would be a great injustice to the inhabitants of this thickly populated Congested District.

I am, Sir,

Your obedient Servant,  
John R. Johnson R.D.C.

bhíothas ullamh chun bóthar breá nua buan a thógaint tamall ón bhfarraige i lár an pharóiste. Is féidir teacht ar an dteampall, nó ar an gcé ach faire amach dos na comharthaí bóthair nua.

Sin radharc, ród-bhealach i lár Pharóiste Dhún Chaoin agus, nuair a chasann tú timpeall an chúinne ag Ceann Sléibhe, an radharc do-chreidthe aoibhinn des na Blascaodaí amach chun farraige.

## Taisteal na Bóithre, ar Muir, is ar Spéir

Nuair a chuir Peig síos ar thuras ag triall ar phinsean na mbainteach.



Ní féidir linn siúl go Baile an Fheirtéaraigh choíche, a Mháire, muna mbeidh aon mharcaíocht againn... lena linn sin ghabh gluaisteán aníos taobh Ghort na Groige, agus ceo bóthair aige á chur san aer ...

“Sea,” arsa mise leis an dtiománaí. “An rud ná raibh againn i dtosach ár saoil tá sé i ndeireadh ár saoil againn. Nach beag a shíleamar go mbeimis ag imeacht mar seo choíche i ngluaisteán ... “Is dócha gur fada an aimsir ó bhfobhair anseo,” arsa Bean Uí Luaing. “Tá dhá bhliain is daichead ó bhíos-sa anseo,” arsa mise. “Ní rabhas ar an mbaile seo ó phósas.”

—*Machnamh Seana-Mhná* (1980) Peig Sayers, eag. Pádraig Ua Maoileoin (Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair).  
Pictiúr Pheig: Máire de Bhaldraithe, 1938.



Bheartaigh nach aoinne againn, ach go háirithe ar dhul 'on Tiaracht ... Bhí sé anbhreá. Bhíomar laethanta thiar agus d'éiríomar maidean ... Bhuaileamar siar agus a Chríost, an gála a bhí ann siar ó Oileán Buí ... Thosnaigh sé ag séideadh, feothain gheala ag imeacht sa spéir fobhraon báistí á dhéanamh aige. Dúramar féin le chéile gurbh fhearra dhúinn iad a chur in airde tapaidh, na naomhóga, nó go rabhamar cailte báite i dteannta a chéile.

—*Seal le Faeilí* (1989), Seán Faeilí Ó Catháin (Baile Átha Cliath: Coiscéim).  
Pictiúr: Cine Gael



Seán Pheats Tom Ó Cearna ar thuras go dtí na Stáit Aontaithe, i gcuideachta Mháire agus Breandán Firtéir.

Tháinig an t-am go raibh an t-árthach spéireach le fágaint [chun dul go Meiriceá] agus dúradh linn dul ar bord uirthi. Chuamar ... agus bhíomar an-chompordach ... in ionad a bheith ag féachaint in airde ar na scamail, is ea a bhíos ag féachaint anuas orthu ... sea bhíomar ag cur an bhealaigh dúinn riamh is choíche gan fios cá rabhamar. Dhá sciathán mhóra in airde spéire, nuair a d'fhéachfá amach ... ní shílfeá go mbeidís ag corraí.

Chuimhníos ar an slí go mbeinn sínte istigh san Oileán ar thaobh an chnoic, agus ag féachaint in airde ar an riabhógín ... Deirinn an uair sin nár bhreá a bheith chomh hard leo — ní raibh aon chuimhne agam go mbeinn chomh hard san riamh. Chaitheas mo chuid smaointe a chaitheamh uaim. Thángamar anuas ag Bastún.

—*Fiolar an Eireabaill Bháin* (1992), Seán Pheats Tom Ó Cearna (Baile Átha Cliath: Coiscéim). Pictiúr: Cine Gael

Ar mhaith leat bheith i do bhall d'Fhondúireacht an Bhlascaoid i gcomhair na bliana 2009, cabhrú le hobair na Fondúireachta agus *An Caomhnóir*, iris na Fondúireachta, a fháil? Dá mba mhaith, líon an fhoirm seo thíos, le do thoil.

*Do you wish to become a member of the Blasket Island Foundation for the year 2009, assist in promoting the Foundation's aims and receive the Foundation's newsletter, An Caomhnóir? If so, please complete the form below.*

### FONDÚIREACHT AN BHLASCAOID BALLRAÍOCHT BHLIANTÚIL 01-01-2009 - 31-12-2009 ANNUAL MEMBERSHIP

Ba mhaith liom bheith i mo bhall d'Fhondúireacht an Bhlascaoid i gcomhair na bliana 2009 agus cuirim leis seo táille bliaintiúil €20.  
*I wish to become a member of the Blasket Island Foundation for the year 2009 and enclose €20 annual subscription.*

Ainm

Name

Seoladh

Address

Is faoi Fhondúireacht an Bhlascaoid glacadh nó diúltiú d'iarratas ar bith.  
*The Blasket Island Foundation reserves the right to accept or reject any application.*

Seol ar ais go / Return to: **Fondúireacht an Bhlascaoid,  
Baile an Fheirtéaraigh, Trá Lí, Co. Chiarraí, Éire**



## Labhrás (Larry) Ó Slatara

1943 – 2008

Sciob an ailse Larry Ó Slatara ar an 25ú Deireadh Fómhair i mBaile an Rannaigh cois Tráigh na Muirígh. Aon duine a d'fhreastal an a thóramh, ba shoiléir cэр leis an tigh: tá rian Larry ar gach cúinne de, ar gach bord, na feistisí uilig, an staighre, agus ar an adhartá fiú, iad ar fad déanta ag a lámha cumasacha féin.

Ó dheisceart Áth Cliath a tháinig Larry go Corca Dhuibhne, áit ar thóg sé fein agus a bhean chéile Anna clann bhreá agus inar mhair sé geall le scór bliain. Bhí cónaí air dhá threimhse i mBaile an Rannaigh agus idir an dá linn, thóg sé tigh agus mhair sa Ghleann Mór, Dún Chaoin. B'iontach an fuinneamh agus an cur chuige a bhí ann – máistir poist, múinteoir teangan, ceardaí bróg, carabháin capall, báid farantóireachta, gabha, iascaire, tógálaí – i measc a lán slite beatha a bhí idir lámha aige. Bhí sé oiriúnach don ndúthshlán i gcónaí.

Larry was a "once off". Never afraid to be different, he eschewed conventionality and had a highly individual take on life. He had an equal appreciation for good sean-nós and the Moody Blues, a great intelligence and a ready wit. He was marvellous company. His outwardly easy-going nature belied a restlessness for new challenges and projects. Over the years he roped in his family – to his enormous enjoyment – to bring his projects to fruition.

Bhí páirt nach beag ag Larry i scéal agus in imeachtaí an Bhlascaoid lena linn. Bhí sé orthu siúd a bhunaigh Bádóirí an Bhlascaoid i 1994, an tseirbhís farantóireachta go dtí an Blascaod Mór. Ba mhínic san Oileán é i gcaitheamh na mblianta. Roimhe sin bhí sé ar dhuine don mbuíon iomráiteach sin faoi stiúir Dan Bric a thóg tigh Chathail Uí Eochaidh in Inis Mhíic Uibhleáin.

Bhí cion agus meas go forleathan ar Larry i gCorca Dhuibhne agus i gcéin. Is mó scéal faoi a tugadh chun cuimhne le meangadh gáire i measc a chairde is a chlainne ins na laethanta ó cailleadh go ró-óg é. Is mór an chúis bhróin a bhás do Chlann an Oileáin trí chéile agus do phobal na dúthaí. Deinimid comhbhrón ó chroí le hAnna agus a gclann: Liadán, Feargal, Eoin, Lorcán, Aoife, Sinéad, Micheál agus Ciarán. Faid is a mhairfidh said, mairfidh sé.

—LÓC

## Cnuasach seanfhocal Chiarraí bailithe agus aistraithe ag Liam Ó Lúing, Baile an Fheirtéaraigh agus a foilsíodh in *Irisleabhar na Gaedhilge*, iml. V, Bealtaine 1894.

1. An té nach trua leis do chás, ná déan do ghearán leis.
2. Buadhann an tiomnaoibh air an chinneamhaint.
3. Bíodh sé mar tá sé as Tráilí mar a bhfuil sé.
4. Bíonn an táth ar an gceistneamh.
5. Deireadh an tsoisgéil an t-airgead.
6. Gach dalta mar a oiltear agus an lacha ar an uisce.
7. Gach file agus fáidh ag trácht ar a ealaidhe féin.
8. Imíonn rithfocail ar shagart ina phróisde.
9. Ní théann rogha ón réiteach.
10. Ní fearr bia ná ciall.
11. Ní baol duit an madra sgamhaigh ort.
12. Ní gnáthach fear náireach éadálach.
13. Seachain an droch-dhuine as ní baol duit an duine macánta.
14. Bád gan stiúir nó cú gan earball.



Popular proverbs, Co. Kerry, collected and translated by William Long, Ballyferriter, and published in *Irisleabhar na Gaedhilge/The Gaelic Journal*, vol. V, May 1894.



Tigh an tSaorsaigh an lae inniu i mBaile an Fheirtéaraigh, gur Tigh Uí Lúing é tráth.

1. He who does not pity your complaint, do not complain to him.
2. Foresight (on punctuality) prevails over accident.
3. Let it be as it is and Tralee where it is.
4. Grumbling is lucky.
5. Money is the end of preaching (Gospel).
6. Each foster-son as reared and the swan on the water.
7. Each poet and prophet discoursing his own art.
8. The parish priest is subject to a slip of the tongue.
9. Peace is the best of all virtues or peace is the best choice of all.
10. Food is not better than sense.
11. A barking dog never bites.
12. A bashful person is not usually a gainer.
13. Shun the bad man and you need not fear the good man.
14. A boat without a rudder or a hound without a tail (unmanageable).

## Leanbháin ag Caoineadh an Oileáin

Dairena Ní Chinnéide

Ó mhúise Mhamáí nach gcloiseann tú mé  
 táim uaigneach lom fé chré  
 is mé a shnámh i do bhroin  
 an créatúirín a thóg anáil ón saol  
 ar charraig lom i lár farraige ar imeall an domhain  
 bhí an saol rómhór dom anam  
 is d'ímíos uait i lár na hoíche  
 an bhean chabhartha ag éileamh  
 ar m'aingéal cuimhdheachta  
 mé a chosaint ar mo leas  
 mo chroí a shábháil ar ocl  
 is ó leac na bpian  
 dia romham is dia leat  
 a dúirt sí is tusa marbh lán fola is anabhá  
 caite ar an leabaigh fé sholas na gcoinneal.  
 Ó mhúise Mhamáí nach gcloiseann tú mé  
 táim curtha gan chros i Rinn an Chaisleáin  
 mo bhráithre anamnacha beaga taobh liom  
 is braithimid an ainneise ag bagairt  
 tá'n sibh ag teip  
 tá ár ndeartháracha is ár ndeirfiúracha i Springfield  
 Is trasna na dtonn ón bhfathach mór a shlog mo Bhlascaod.  
 Ó mhúise Mhamáí nach gcloiseann tú mé  
 chualathas bhur n-éileamh ar thaoiseach tíre  
 De Valera sin thuas san ardchathair  
 fóir orainn  
 níl bia againn  
 níl clann againn  
 dein beart ar ár son.  
 Ó mhúise Mhamáí nach gcloiseann tú mé  
 is mé learg na gcnoc thuas  
 is an cosán go dtí an Traigh Bhán  
 is mé an t-aer os cionn an oileáinín draíochta  
 a chothaigh tusa is do chlann  
 is nach breá a bhí an saol againn le chéile.  
 Goideadh uain ár n-oidhreacht  
 theip clann ar chlann  
 nach raibh fágtha ach an t-aon tíos amháin  
 thug an government tithe díbh i nDún Chaoin  
 d'ímigh cuid eile agaibh suas fén dtír  
 sall go paróiste na Cille is Paróiste Múrach  
 breall ar an ngovernment céanna  
 a chlis ar ár n-oidhreacht  
 is a d'fhág saol eile ar an mBlascaod  
 a bhí á cheiliúradh ar an mín tír  
 futa fata le talamh is cloch  
 ar feadh na mblianta  
 go dtáinig an Bord Pleanála isteach  
 chun an scéal ar fad a leathadh ar phláta  
 sin agaibh é  
 sin scéal an oileáin.  
 Ó mhúise Mhamáí nach gcloiseann tú mé  
 deinimis an bheart an uair seo  
 cothaigh sinn inár n-uaigneas  
 dein páirc cheiliúrtha do mo fhothraigh  
 insímis ár gcuid scéalta  
 fáiltímis roimis na cosa geala  
 a thrasnóidh ár leacacha  
 ag fíorú mar gheall ar chine  
 a mhair is a labhair is a chan is a d'inis scéal.  
 Ó mhúise Mhamáí nach gcloiseann tú mé  
 ní bheidh ár leithéidí arís ann.



## Peig ar Scoil Dhún Chaoin arís!!

Ba mhór an meas a bhí riamh i Scoil Dhún Chaoin ar an scéalaíocht. Is módh múinte iontach é an scéalaíocht, chun gach gné den guraclam a chur i gcrích.

Tuigimid anseo i nDún Chaoin an t-ádh atá linn scéalaithe iontacha a bheith inár measc.

Bhí an-aithne againn ar Bhab Feiritéar, í caoin cneasta riamh le leanaí na scoile agus í ag roinnt a scéalta leo go fial. Chuir leanaí na scoile an-aithne ar Pheig le bliain anuas.

Bheartaíomar go ndéanfaimis ceiliúradh ar Pheig agus ar Thomás toisc comórath bhás Pheig a bheith ann i mbliana.

Le deontas fial ó Ealaín na Gaeltachta, chruthaíomar dhá dhealbh fé stiúir ár n-iarscoláire, Domhnal Ó Bric.

Tá Tomás agus Peig ina steillebheathaidh laistigh de phríomhdhoras na scoile, agus iad ag baint stad as gach éinne a thagann chugainn!! Táid suite ar dhá chathaoir chompordacha a fuaireamar ar iasacht 'fadtéarmach' ó Áine Uí Laoithe. Bhídís acu istigh san oileán.

Bhain na leanaí an-thaitneamh agus tairbhe as an dtogra.

Sular tugadh fés na dealbha a dhéanamh, deineadh ana-chíoradh ar stair, litríocht, scéalta, béaloideas, cultúr, éadaí, agus slí bheatha mhuintir an Bhlascaoid agus Dhún Chaoin 100 bliain ó shin.

Bhí gach aon leanbh páirteach i ndéantús na ndealbh— ó dhearadh na ndealbh ar chairtchlár, frámaí adhmaid a chur le chéile, matáin agus feoil a chur orthu leis an líonadh a bhíonn i seanaphiliúir. Chuireadar aghaidh agus lámha orthu le papier maché. B'iad na leanaí féin a dhein na héadaí le cabhair ineaill fúála Chlíodhna i Rang a Sé.

Bhaineamar go léir an-thaitneamh as cruthú na beirte agus tá súil againn gur fada buan iad. Táimid go léir ana-shásta leis an dtoradh agus gur fhoghlaim na leanaí a lán ar ana-chuid slite tríd an phróiséis — ina measc, stair, cultúr, faisean, ceardaíocht, ealaíon agus comhoibriú chruthaitheach.

Táimid an-bhuíoch do gach éinne a chabhraíonn linn ar scoil agus sa chás seo, ba mhaith linn buíochas a ghabháil le Domhnal Ó Bric, Dáithí de Mórdha ó Ionad an Bhlascaoid Mhóir agus Áine Uí Laoithe.

—Máirín Ní Thuama, Príomhoide Scoil Dhún Chaoin.



# Ceiliúradh an Bhlascaoid 2008

10 – 12 Deireadh Fomhair, 2008

## Imirce agus Imigéin

Mícheál Ó Cinnéide

Ba é seo an 13ú bliain againn ag eagrú an Ceiliúrtha ar ghné de shaol an Bhlascaoid, ach bhí an teacht le chéile i mbliana ar an gceann is fearr fós – b'shin é an tuairim a bhí againn go léir a bhí páirteach ins an deireadh seachtaine iontach thiar san Ionad.

Tháinig ár muintir féin abhaile chugainn ó Springfield, ó Nua Eabhrach is ó Mhelbourne; bhí scoth na gcainteoirí ar an ardán i rith an Ceiliúrtha; bhí scoth na gceoltóirí chun an crá croí a bhain riamh le himirce a thabhairt chun cuimhne agus tháinig lucht éisteachta breá bríomhar ó chian is ó chongar ag baint suilt as na himeachtaí.

D'oscail **Niall O'Dowd** ó Nua Eabhrach an Ceiliúradh. Tá cáil bainte amach ag Niall mar ghníomhaí ar son na nGael i Meiriceá agus bhunaigh sé an iris *Irish America* agus an nuachtán *Irish Voice*. Labhair sé go misniúil ar chás na nÉireannach i Meiriceá agus chuir sé fáilte roimh an dtacaíocht atá tagtha ón Rialtas nua dá gcás le bliain anuas. Bhí an seomra lán go doras agus an oiread céanna arís de shlua i mbun an Ionaid ag éisteacht leis na cainteoirí an chéad oíche. Tá alt ana-bhreá cumtha ag Niall ar scéal an Bhlascaoid ó d'fhill sé go Nua Eabhrach – *Isle of Dreams* (féach: [www.irishabroad.com/news/irish-voice/niall-odowd/articles/isle-of-dreams151008.aspx](http://www.irishabroad.com/news/irish-voice/niall-odowd/articles/isle-of-dreams151008.aspx)).

Bhí **Breandán Feiritéar** ar dhuine de bhunaitheoirí na Fondúireachta sa bhliain 1985 agus is mór againn i gcónaí a chuid léinn is a chur amach ar stair an oileáin. Thug Breandán caint léirithe dúinn ar an Aoine dár teideal, "*I measc na nImirceánach Thall i Springfield*". Ins an léacht seo, bhí pictiúirí is scéalta aige ar an bpobal thall, maraon le seoda ón gcartlann i bhfoirm agallaimh le Tom Biuso, Tom de Mórdha is Joan "Buffer" Ní Chatháin i Hartford, Conn. Fé mar a dúirt sé, cailleadh Joan an oíche chéanna is a craoladh an clár ar an dteilifís in Éirinn.

Ar an Satharn, labhair an stairí **John Ridge** linn ar na Ciarraígh a chuaigh ar imirce go Nua Eabhrach san 19ú aois. Tá mion taighde déanta ag John ar na



Niall O'Dowd, eagarthóir an *Irish Voice*, a d'oscail Ceiliúradh an Bhlascaoid 2008, le Mícheál Ó Cinnéide, Rúnaí, Fondúireacht an Bhlascaoid, agus Edna Uí Chinnéide, eagarthóir *An Caomhnóir*.

Pict: Ted Creedon

cuntaisí thall agus léirigh na huimhreacha seo an dlúth cheangal idir pharóistí sa bhaile agus cathracha ar leith thall, rud a mhair ar feadh céad bliain. Thug sé sampla breá d'fhear ó Oileán Ciarraí darb ainm Prendiville, a bhain amach oifig stáit in Worcester. Níorbh fhada go raibh leath chéad dá chuid gaolta fostaithe ar rolla na cathrach! Bhí **Tomás Mac Gearailt** mar chathaoirleach ar an seisiún seo, fear eile ó Chorca Dhuibhne a chaith tréimhse fada i gCalifornia sarar fhill sé ar Mhuscraí chun na comhluchtaí idirlín, Bard na nGleann agus Litríocht.com. a chur ar bun.

Thug **Laoise Ní Cheallaigh** ó Ollscoil Mhá Nuad léacht téagartha, acadúil ar théama na himirce i litríocht an Bhlascaoid, "Ar tháirseach na Bruíne Draíochta". Labhair **Sean Hutton** ar "Saol na nImirceánach sa Bhreatain". Cosúil le Breandán, bhí pictiúirí is scéalta pearsanta ag Seán ar na Gaeil i Sasana, ag dul ag rince sa Galtymore is ag cur a gcultúir ar aghaidh ó thaobh spóirt, ceoil is creidimh.

Labhair an **Dr Piaras Mac Einrí** ón Ionad Imirce in Ollscoil Chorcaí ar "An Eisirce agus an Inimirce i gComhthéacs Náisiúnta agus Idirnáisiúnta". Is ardthaidhleoir é Piaras agus tá sárobar déanta aige chun aird na tíre a dhíriú ar chás na n-imirceach nua atá tagtha in ár measc in Éirinn. Ba léir os na cainteanna a thug Piaras agus Niall O'Dowd go bhfuil an taithí phearsanta ar

imirce, an léann is an dúthracht ar son na cúise, fite fuaite ina gcuid oibre. Gura fada buan iad beirt!

Tháinig ceann de bhuaic phointí an Ceiliúrtha ar an iarnóin Dé Sathairn nuair a líon an stáitse leis an nglúin a rugadh thall – clann na n-imirceach ó iarthar Chiarraí a d'fhás suas i Hungry Hill. Ba é **Seán Cahillane** a chuir na Yanks in aithne dúinn, iarpholaiteoir agus ionadaí leis an American International College. Níorbh fhada gur thuigeamar go bhfuil an cleachtadh, an greann is an rógaireacht chéanna go smior i Seán, **Mike Óg** (an bleachtair) is a dheirfiúr **Máirín Carney, Pádraig Moore, Bruce Fitzgerald agus Danny Warwick** gur ó Cheann Trá a mhuintir. Thugadar léargas pearsanta ar an bpobal thall, an dílseacht don gceol is dos na gaolta, an dearcadh a bhí ag na himircigh nár chóir Gaoluinn a mhúineadh dos na leanaí agus fé mar atá Springfield ag athrú le blianta beaga anuas.

Is dual don gCeiliúradh ceol is amhráin a chur ar fáil ar oíche an tSathairn agus b'amhlaidh dúinn i mbliana. Chuir **Boscó Ó Conchúir** leiriú stáitse le chéile ar fhilíocht agus ar cheol a bhaineann leis an imirce. Chualamar sleachta ó scríbhinní Pheig agus dhein **Frances Uí Chinnéide** sáraithe is ar bhanríon an Oileáin! Léigh **Colm Ó Brí** litir a cuireadh go Meiriceá ó Dhún Chaoin os cionn céad bliain ó shin chuig deartháir nár scríobh abhaile le blianta





Eibhlín Ní Bheaglaoich agus Mossie Ó Scannláin ag amhránaíocht le chéile.

fada. I measc na gceoltóirí binne, bhí **Aine Uí Laoithe**, **Eibhlín Ní Shíthigh**, **Eilís Ní Chinnéide**, **Sláine Ní Chathaláin** agus **Marc Mac Ríocaird**. Bhí **Mossie Ó Scannláin**, tagtha abhaile ó Mhelbourne, mar aóir ar leith agus ba bhreá led chroí a bheith ag éisteacht leis ag canadh *Sliabh Geal gCua na Féile!*

Fé mar is gnáthach, bhí seimineár againn ar an nDomhnach dár teideal “Ó Elephant John go Uncle Sam”. Bhí **Helen Ní Shé** ó Raidió na Gaeltachta ina Cathaoirleach agus thug sí réamhrá deisbhéalach ar an saol thall is an dream a bhíonn sall is anall! I measc na gcainteoirí, bhí **Muiris Ó Bric** ós na Gorta Dubha, a thug léargas dúinn ar an uair a d’fhág sé a bhaile dúchais in 1960, **Maidhc Dainín Ó Sé** a labhair ar a thréimse i Chicago, **Eibhlín Ní Bheaglaoich** a labhair go fileata ar dhul go dtí an Astráil le leanbh óg. Agus ar deireadh, **Micheál Ó Cearna**, taoiseach eile de shliocht an Bhlascaoid, fós bríomhar in aois a 88 bliain.

Craoladh na cainteanna seo arís ar Raidió na Gaeltachta an tseachtain dár gcionn agus táimid buíoch don Raidió as na seoda ón gCeiliúradh a chur ar fáil do phobal na tíre.

Táimid an-mhórtasach as an gCoiste a chuir an Ceiliúradh le chéile – **Edna Uí Chinneide**, **Frances Uí Chinneide**, **Bosco Ó Conchuir**, **Máirín Ní Bhroin**, **Máirín Ní Shé**, **Máire Uí Shíthigh** (Oidhreacht Chorca Dhuibhne) agus **Mícheál de Mórdha**, Bainisteoir an Ionaid, maraon le **Dáithí de Mórdha**, **Doncha Ó Conchúir** agus foireann uile an Ionaid. Gabhaimid buíochas ó chroí freisin leis na hurraithe, ina measc, Údarás na Gaeltachta, Bord na nOibreacha Poiblí, Foras na Gaeilge, Seirbhís Oideachais Chiarraí agus An Chomhairle Oidhreachta.

Tá súil againn go mbeidh sibh linn an bhliain seo chugainn. Go mbeirimid beo ar an am seo arís!



University of Connecticut  
Department of English

College of Liberal Arts and  
Sciences

October 22, 2008

Micheál de Mórdha,  
Dáithí de Mórdha  
Ionad an Bhlascaoid  
Dún Chaoin  
Trá Lí  
Chiarraí  
Ireland

Dear Micheál and Dáithí,

I simply want to add my thanks and praise for the wondrously successful Ceiliúradh an Bhlascaoid 10-12 October 2008.

Having been a professor for 25 years, I have participated in over 100 academic and cultural conferences. Ceiliúradh an Bhlascaoid two weeks ago was undoubtedly The Best conference I have ever experienced.

As you know, I will be teaching a brand new course at the University of Connecticut this upcoming spring, focusing on the Basket Island writers. (If there are any such courses in the U.S. so far, there can't be more than a handful.) I will be bringing to my classes everything I learned this past summer in your archives as well as the knowledge gleaned from the conference. My students this spring, and in the future, will directly benefit from my experiences with the Basket Centre in 2008.

Thanks again for a magnificent conference and your professional, inspiring hospitality. With any luck, I'll be visiting you again in the future to work on more Basket Islands research.

Sincerely,

Thomas F. Shea  
Associate Professor of English  
University of Connecticut

An Equal Opportunity Employer

215 Ellenbrook Road, U-4023  
Storrs, Connecticut 06269-4023

Telephone: (860) 486-2141  
Facsimile: (860) 486-1530  
Web: <http://english.uconn.edu/>



Mike Carney agus Maidhc Dainín Ó Sé ag an seimineár ar imirce le linn an Cheiliúrtha.

## Scéal na Nollag

Ach ar athfhill An Spailpín Fánach — Séamas Ó Muircheartaigh (1877–1927) — ar San Francisco i 1911, d’áitigh an tAthair Peter Yorke air altanna rialta a sholáthar dá pháipéar, *The Leader*. As san go dtí lá a bháis is mó rud a tharraing sé trí phaidiríní a altanna ar an bpáipéar san. D’athchruthaigh sé cuimhní agus pearsain a óige in Ard na Caithne agus in Iarthar Duibhneach lena pheann. B’éigean dó an tráth úd na haltanna seo a chumadh i dteanga an Bhéarla; ní bheadh ar chumas a chomh-Ghaeilgeoirí léamh na Gaeilge a ionramháil. Ach is léir ó léamh na n-altanna seo gur ina theanga dhúchais agus ina theanga teaghlai i San Francisco a bhí Séamas ag cuimhneamh is é ag cur a phinn le pár. Is fuirist dá réir na haltanna a aistriú thar nais go dtí an dteanga mhuinteartha.

Bhíodh alt speiasalta ag Séamas ar phríomh leathanach an pháipéir um Nollaig. Scéal a bhíodh cumtha aige de ghnáth, scéal a bhíodh bainteach le huain uaigneach na Nollag agus comharsain a óige mar phearsain gaile agus gaisce ann. Seod é an scéal a bhí



An Spailpín, a bhean Neill, a mhac Oisín.



### An Nollaig in Éirinn

*Séamas Ó Muircheartaigh*

Seachtain dhúbhach Nollag ab ea í in Ard na Caithne. Theip ar an mbarra prátaí an samhradh san agus níor thaobhaigh an maircréal – dóchas ard an iascaire – an cósta. Bhí deora bróin i súilibh na ndaoine críonna is iad ag faire chun an chuain mí-iascúil ag tnúth le haon chomhartha rathúil, ach faic ní raibh le brath!

Dúirt Cáis, fealsamh an bhaile, nárbh aon díobháil don nduairceas so dá mbeadh ceol agus rince caite leis. “Is cuimhin liomsa,” a dúirt sé, “nuair a bhíos óg mar a bhailíodh an seana-dhream timpeall ar an dtinteán in ainneoin na bochtaine agus chuiridís a gcróí is a n-anam in amhráin agus i gceol; agus ansan thagadh Dia i gcabhair orthu.”

“Mhuise,” a d’fhreagair Micil Dick, “níor chuala focal ná abairt chliste ód’ bhéal id’ shaol. Cén diabhal baint a bheadh ag ceol agus amhráin le hiasc a chur i líontaibh?”

“Tá an ceart age Micil Dick,” a dúirt Mícheál Beag, a bhí ag súrac as a pHíp ar an seitel. “Táimse ar an mbaile seo ó rugadh mé daichead éigin bliain ó shoin agus níor chualasa ach oiread gur thug ceol agus rangás maircréal go dtí éinne.”

“Ní aontaímse leis sin,” a dúirt Tomáisín Mhichíl. “Is cuimhin liomsa oíche agus sinn soir ó thuaidh ó Bhinn Dhiarmada agus gan maircréal le feiscint. Ach ambasa, chomh luath agus a thosnaigh Cáis ar amhrán bhí na huisc ag

rátháocht leo.”

Labhair Páidín Mhuiris Sheáin agus dúirt: “Bíodh baint ag ceol leis na maircréil nó ná bíodh, cuirimis fios ar Sheáinín an Chnagaire, an bheileadóir, agus muna mbeidh faic eile buaite againn scaipfidh sé an brón dúinn ag tráth bheannaithe na Nollag seo.”

Cuireadh fios ar Sheáinín an Chnagaire agus bhailigh a raibh ar an mbaile, idir óg agus aosta, isteach go tigh Pheig Gabha. Níor mhaith mar cheoltóir é an Cnagaire, ach sheinnfeadh sé do rincí fada agus rincí timpealláin agus ba leor san. Bhain Bríde Bhán preab as gach éinne, mar níor rinc sí steip ó cailleadh a céile blianta siar, ach anocht chaith sí a seál brait ar an seitel agus bain sí pramsach as an urlár lena céimeanna rince. Idir na rincí, deireadh daoine a bhí ina gcumas go maith sean-amhráin na muintire. Thaitnigh guth bhinn, cheolmhar Cháis le gach éinne, ach amháin gan amhras le Micil Dick óir ná raibh aon iontaoibh aige as aon rud a tharraingíodh sé siúd air féin. Ach ní raibh aon tsuim puinn ag Micil in amhráin ná i gceol ar aon chuma. Bhíodh Micil Dick ag síor fhaire na bhfaoileán mar gurb iad a bheireann comharthaí rathúla an éisc leo go dtí an gcósta.

Bhí an oíche ag dul i ndéanaí agus gach éinne ar an mbaile ag baint sásaimh aisti agus a gcruchás ligithe i ndearmad acu. Lasmuigh de san ar fad bhí rud éigin in easnamh uirthi mar oíche. Ní raibh Mícheál Mhuiris Dhiarmada ná Mícheál Beag chomh geal-gháireach san ar fad, go deimhin ba osnaí a bhí astu in áit na

dtirthí. Thug Neil Ní Loinsigh agus June Sheosaimh é seo faoi ndeara agus dheineadar tairiscint dóibh dul faró sa ríl cheathrair sul a gcríochnódh Seáinín an Chnagaire. Bhaileodh an bheileadóir leis théis chéad ghlaio an choiligh a bhí ag Domhnall Óg in Ard na Caithne.

Ghlaic an bheirt iascaire leis an gcuireadh chun rince ón mbeirt bhan agus rincedar an ríl cheathrair amhail is dá mba fheothan geal a bheadh ar an urlár. Bhí an tinteán féin ar creathadh lena bhfuadar agus chaith Peig Gabha fógairt orthu cúpla uair fanacht siar ón ngríosach.

‘Sé a dúirt Seáinín an Chnagaire ach a raibh an rince críochnaithe: “Seod é an chéad uair le fiche bliain ó rincedh an ríl cheathrair i gceart.”

“Anois,” arsa Cáis, “cá bhfuil an dealús in Ard na Caithne!”

“Seolfaidh Dia a thuilleadh chugainn sul a dtiocfaidh Oíche Nollag,” d’fhreagair Neil Ní Loinsigh agus í ag bualadh fuithi ar an gcathaoir shúgáin agus ag cimilt an allais dá grua théis tuarganna an rince.

“Ná cloiseann sibh glao coiligh Dhomhnaill Óig agus dá réir ná fuil na daoine maithe ag fágaint a gcuid liosanna,” a bhéic Micil Dick, a bhí suite le hais an dorais agus faobhar faoi go mbeadh deireadh leis an rince.

Bhailigh Seáinín an Chnagaire leis abhaile i dtreo na nGort nDubh agus deaghuíonna Ard na Caithne lena chois abhaile aige. Oíche bhreá réaltógach ab ea í. Bhí an ghealach ag luí i spéartha an iarthair agus bhí réalt na maidne ag lonrú a cuid solais draíochta ó ghrua Chnoc Bréanainn. Bhí an saol maguaird ina chodladh ach amháin claidhrí gadhar



An t-alt mar a bhí sa *Leader*, Nollaig 1923.

agus an síor thormán úd ó ólaithe na mara.

Tá sé ró-bhreá chun codlata, “a dúirt Tomáisín Mhicil. “Cad déarfadh sibh dá dtabharfaimis seans dár líonta an Satharn Nollag seo?”

“Sin í an chaint,” arsa Neil Ní Loinsigh “Nach bhféadfadh an Dia, a chuir orainn le ceol, dearmad a dhéanamh dár ndóláistí, maircréil a chur in ár líonta!”

“Nár dhiail an Satharn sa Daingean é dá mbeadh iasc sna líonta,” a dúirt June Sheosaimh.

B’sheo i dtreo Failn an tSrutháin na hiascairí mar a raibh a gcuid naomhóg agus líonta gan corraí le míonna. Cuireadh na líonta ar bord, bhí na maidí

ullamh. Choisrigh na hiascairí iad féin agus away leo chun farraige le súil go gcuirfi iasc i líontaibh. Is gearr go mbíonn Binn ghéar Dhiarmada ar a gcúl agus iad ar a gcúrsa soir ó thuaidh i dtreo Bhéal na Sionainne. Is gearr orthu amach go mbíonn Cnoc Bréanainn chomh híseal le stalainn mhóna.

“Táimid fada ár ndóthain,” a bhéic Mícheál Beag, fear nár mhaith leis a bheith ró-dhoimhin i bhfarraige.

“Ní fhaca riamh tú ach scanraithe,” a dúirt Seán Teamí leis. “Is maith leat a bheith cois na luaithe!”

“Ar m’anam, go bhfaighim mos an éisc,” a bhéic Micil Dick as naomhóg eile. “Scaipimís amach agus cuirimis ár gcuid líonta agus bíodh iasc nó an diabhal

againn,” a bhéic sé.

Chuaigh gach naomhóg faid a téide ó gach naomhóg eile. Is gearr gur bhéic an liú trasna na dtionnta... “Caith amach iad, caith amach iad!”

Caitheadh amach na líonta chomh tiubh le tul agus nuair a bhíodar amuigh ní raibh radharc orthu ar an uisce, d’imíodar mar a dhéanfaidís le racht an tsuibh go grinneal.

Nuair a tarraingíodh na téada tairric is ansúd a bhíodar – luach saothair an iascaire - an mhaidean Shathairn Nollag úd. Bhí gach aon naomhóg síos go gunnaile le maircréil ar a slí dóibh abhaile go callaithe mar a raibh an baile ag feitheamh.

“Ní fhágfadh Cáis an luaithe murach mise,” a dúirt Micil Dick agus é ag stracadh maircréal as na mogaill.

“Ní thiocfaimis amach in aon chor murach Seáinín an Chnagaire agus a bheidhlín,” arsa Páidín Mhuiris Sheáin.

“Ba É Dia faoi ndeara é,” a dúirt Neil Ní Loinsigh. “Chuir Sé an veidhlín chugainn go ndearmadfaimis ár mbuairt agus nuair a bheadh an buairt scaipithe thiocfadh fonn chun iascaigh orainn.”

“Tá an t-iasc againn go háirithe,” arsa Cáis, “agus déanfaidh sí ard Nollaig in Ard na Caithe.”

Bhí gach aon chairt capall, míulach agus asail ládálta ag breith an éisc ’on Daingean an mhaidean ghlórmhar san, áit mar ar díoladh é le ceannaithe éisc. Líonadh ansan cléibheanna le coinnle geire, gabháil agus na comhghaisí agus na hearraí eile a bhíonn ó bhean an tí chun Lón na Nollag a chur le chéile. Ba shuáilceach an dream daoine iad lena gcuid amhrán agus scartaíola agus iad ar an mbóthar abhaile go hArd na Caithe an oíche úd fadó. Ní deineadh aon dearmad ar Sheáinín an Chnagaire. Tugadh go hArd na Caithe é féin agus a veidhlín Oíche Nollag agus ba ansúd a fuair ceol agus amhráin go maidin é.

Tá cuid des na sean-iascairí agus des na mná seo go bhfuilim théis scríobh fúthu anseo, ina mbuan shuan anois faoi na neantóga agus an raithnigh ins na reiligí farae taisí a sinsear. Tá a thuilleadh díobh thar na farraigí móra ó dheas sa Nua-Shéalainn agus san Astráil agus a thuilleadh fós ar an lic oidhre in Alasca. Ach pé áit dá bhfuilid scaipithe ag an gcinníúint, fillid ina smaointe ar láthair agus ar spota Mhicil Dick agus Cháis agus ar Ard na Caithe aoihbhinn cois farraige ag tráth na Nollag.

## Honeymoon – Island – Book

By Robert Kanigel

It was all very simple: Sarah and I were getting married. We wanted to go to Ireland for our honeymoon. Neither of us had ever been there. Two Irish-American friends told us to go to Kerry. So we did. And now I'm writing a book about the Blaskets. Simple.

On our second day in Dun Chaoin we visited the Basket Centre, which is where we had our new marriage's first, um, well, *tiff*. We had been at the Centre for hours, watching the film, reading the wall panels, studying the *naomhog*, utterly absorbed by the extraordinary story the Centre tells so masterfully. Now it was late afternoon. I was in the book shop, dipping into everything I could find, lost in O Sullivan, O Crohan and the others. But Sarah, though as interested as I, finally was ready to go – and just a bit peeved with her new husband's apparent unwillingness to budge. Were we to spend our *entire* honeymoon in the Basket Centre?

I was intrigued by the Blaskets story, and went home and promptly read *Twenty Years A-Growing*, Maurice O'Sullivan's exuberant tale of youth on the island. But I didn't just then think about writing a book myself. I'm a writer by trade, as well as a university professor, always on the lookout for new story ideas. And fortunately, the world is a rich and wonderful place, full of fascinating people and places. But you can't write about everything...

Besides, what George Thomson called the "Basket Library" has filled out handsomely since he first referred to the island books that way. There are, of course, the original big three – Tomás, Maurice, and Peig. And the books by other islanders, in English and Irish, that came later. And books by the visiting scholars themselves, like Robin Flower and Thomson. And then, Muiris Mac Conghail's, *The Blaskets: A Kerry Island Library*. And Leslie Matson's biography of Meini. And Cole Moreton's recent book about the abandonment of the island. So even if I had come back from Ireland in June 2005 bound and determined to devote the next years of my life to it, I'd have been wise to think twice about attempting yet another addition to Thomson's not-so-little library.

But the Blaskets wouldn't let me go. More than with the islanders themselves, I identified with those visiting writers and scholars – J. M. Synge, Marstrander, Flower, Thomson, Marie-Louise Sjoestedt and the others – who left their libraries and dusty archives, traveled across the breadth of England and Ireland, and found enduring friendships, sometimes new love, among the islanders. Much of what strikes a writer as great idea or eternal enthusiasm fades away. This, though, never did.

It was about a year after returning to the States that everything gelled. I was reading a book on an entirely different subject, one with no trace of Irish content – Valerie Boyd's biography of the black American novelist Zora Neale Hurston,

author of *Their Eyes Were Watching God*. During the 1920s, when Hurston was a graduate student in anthropology at New York's Columbia University, her advisor sent her down to America's black rural south to collect folklore from her own people. There was a whole world down there – unseen, unknown, disappearing – that her city friends could scarcely have imagined.

Then it came flooding back – all I'd learned at the Basket Centre, and read since, about Robin Flower and Joe Daly and the others who collected folklore in the Blaskets and in Dun Chaoin: On both sides of the Atlantic, then, in Hurston's world and in West Kerry, and at almost the same time, modern urbanites were coming to realize that in the disappearance of peasant culture something precious was being lost; that it was only so long before this lore of the people, this old rural life removed from the clamor of the city, was gone entirely; that it needed to be remembered, and plumbed for its wisdom.



Abruptly, the Blaskets story wasn't to my mind only about one stunningly beautiful corner of West Kerry. In finding a new way to tell of the Blaskets maybe I would be able to get at a larger, more important story about how we live now, what we've left behind, and at what cost.

And that's when I started getting serious about my book, which for now I'm calling *THE LAND OF THE YOUNG: Love and Language on an Irish Island*.

Robert Kanigel, whose website is [robertkanigel.com](http://robertkanigel.com), can be reached at [kanigel@mit.edu](mailto:kanigel@mit.edu). His book about the Blaskets is under contract with the American publisher Knopf.

### Books Written

FAUX REAL: Genuine Leather and 200 Years of Inspired Fakes  
 HIGH SEASON: How One French Riviera Town Has Seduced Travelers for Two Thousand Years  
 THE ONE BEST WAY: Frederick Winslow Taylor and the Enigma of Efficiency  
 THE MAN WHO KNEW INFINITY: A Life of the Genius Ramanujan  
 APPRENTICE TO GENIUS: The Making of a Scientific Dynasty  
 VINTAGE READING: A Personal Tour of Some of the World's Best Books



# Tom Biuso

*Le breis is céad bliain anois cloisimid faoi na cuairteoirí 'clúiteacha' a tháinig go dtí an Blascaod, a d'fhan tamall ann, a chuir aithne ar na daoine, a thaispeáin ina gcuid scríbhneoireachta an meas a bhí acu ar an gcultúr, ar an dteanga, ar an gceol ar an dtraidisiún a bhain le saol scoite amach ón mórthír, "looking across at the next parish America". Orthu siúd, caitheadh mé a rá ar dtús, Marstrander, Robin Flower, Ó Ceallaigh, Tim Enright, George Thompson, Ray Stagles, Tom Biuso agus i mbliana Meiricánach eile Robert Kanigel atá ag déanamh dian staidéar ar leabhra an oileáin – go bhfuil 142 acu áirithe agam go dtí seo.*

*Tá scéalta ó Tom Biuso, múinteoir i gColáiste Colby Sawyer, New Hampshire, US, curtha i gcló againn cheana. Bhí aisling ag Tom i dtaobh an oileáin ach, faoraor, d'éag sé go hobann ar an 11/08/1992, gan teacht i dtír ar an aisling sin. Ach cloisimid anseo cad a spreag é, ina fhocla féin.*



Tom Biuso

2. Caithfear na sonraí seo a leanas a chur i bhfeidhm maidir leis an bhforbairt agus, sula gcuirfear tús leis an bhforbairt cuirfear sonraí den scéim leasaithe seo san áireamh na sonraí nua chuig an údaráis phleanála chun aontú scríofa a fháil.

(a) Beidh laghdú ann ar an méid achar urláir a bhí beartaithe mar cistin, seomra foirne and áit storála agus beidh siadsan curtha ar ceal agus ina ionad beidh cúlteach laghdaithe agus athshuite a bheidh faoi toisí seachtracha sé mhéadar ar leithead agus ar deich méadar ar doimhne agus beidh an cúlteach curtha siar aon mhéadar ón mbinn thiar thuaidh an chaife. Beidh laghdú aon mhéadar ar mhullach agus ar sceimhleacha ar an gcuid seo den fhoirgneamh agus beidh an chéad urlár chomh maith leis an mbealach seachtrach a ghabhann leis curtha ar ceal.

(b) Ina theannta le (a) thuasluaite, beidh an fhuinneog a bhí beartaithe ar urlár na talún mar a bhí léirithe ar an mbinn thiar thuaidh agus ar an gcúinne tuaisceartach curtha ar ceal. Is féidir níos mó úsáide a bhaint as an gcéad urlár san áireamh fuinneog bhinne amháin a chur isteach agus an cuma chéanna uirthi mar atá ar na fuinneoga beanna ar tithé uimhir 2 and 4 ó thoir dheas.

Cúis: Chun caractair and suímh an Structúir Cosanta teorantach a chaomhnú, sé sin a rá, teach uimhir 2 mar áta feicthe aniar aduaidh agus ar mhaithe le háiseanna radharcanna na háite a chaomhnú oidhreacht ailtireachta an thírdhreacha seo a chaomhnú.

*The following amendments shall be made to the development and, prior to the commencement of development, details of the revised scheme incorporating the amendments below shall be submitted to the planning authority for written agreement:*

*(a) The floor area occupied by the kitchen, staff room and storage areas as proposed shall be omitted and shall be replaced by a reduced and relocated return of external dimensions six metres wide by 10 metres deep which shall be set back one metre from the north-west gable of the café area. The ridge and eaves of this part of the building shall be reduced by one metre and the proposed first floor and associated external access shall be omitted.*

*(b) Further to (a) above, the ground floor window as shown on the north-west gable and at the northern corner of the building shall be omitted. Greater use may be made of the first floor including the insertion of a single gable window mimicking the pattern of gable windows on houses numbers 4 and 2 to the south-east.*

*Reason: To preserve the character and setting of the adjoining Protected Structure, that is, house number 2 as viewed from the north-west and in the interest of the visual amenity and architectural heritage of this landscape.*

3. (a) Beidh sais sleamhnáin fuinneoga tradisiúnta i gceist le dhá phána agus beidh na leaca fuinneog déanta as cloch nádúrtha.

(b) Úsáideofar doirse seachtracha agus fuinneoga déanta as dlúthadhmaid and críochnófar iad le péint. Úsáidtear gáitéir agus fánphíobáin a bheith féin-daite miotal agus ní ceadófar uPVC bán ar na éadain nó ar na tairr.

(c) Caithfear díon an fhoirgnimh a bheith déanta as sclátaí nádúrtha agus na sclátaí a bheith dubh, dhúliath nó gorm. Cuirfear sampla de sclátaí nádúrtha chuig an údaráis phleanála chun aontú a fháil sula gcuirfear tús leis an bhforbairt. Úsáideofar an dath céanna ar an tíl mhullaigh agus a bheidh ann ar an bpríomh-díon. Beidh na ballaí plástráilte agus iad péinteáilte bán.

(d) Críochnófar an claífoirt os comhair an fhoirgnimh le fód agus le cloch agus déanfar na céimeanna atá beartaithe as cloch ghearrtha.

Sula gcuirfear tús leis an bhforbairt, cuirfear na sonraí thuasluaite agus sonraí de ghach aon bailchríche seachtraigh, agus iadsan a bheith ar aon dul ar an bplástair bailchríche den fhoirgneamh teorantaigh san áireamh sonraí de scéim dathanna atá beartaithe, pábháil agus ráillí (dá mbeadh siad ann) faoi bhráid an údaráis phleanála chun aontú scríofa a fháil.

Cúis: Ar mhaithe le háiseanna radharcanna na háite agus oidhreacht ailtireachta a chaomhnú agus chun an struchtúr a bheith imeasctha leis an timpeallacht.

*(a) The two-pane windows shall be of traditional sliding-sash type and window sills shall be of natural stone. (b) The external doors and windows shall be of solid timber and shall have a painted finish. Gutters and downpipes shall be self-coloured metal and the use of white uPVC shall not be permitted on fascias or soffits.*

*(c) The roof of the building shall be of natural slate and either black, dark-grey or blue-black. A sample of the natural slate shall be submitted to the planning authority for agreement prior to the commencement of development. The colour of the ridge tile shall match the colour of the main roof. Walls shall be plastered and painted white.*

*(d) The embankment to the front of the premises shall be finished in sod and stone and the proposed steps shall be constructed from cut stone. Details of the above and of all other external finishes which shall match the plaster finish of the adjoining buildings including proposed colour scheme, paving and railings (if any) shall be agreed in writing by the planning authority before development commences.*

*Reason: In the interest of visual amenity and architectural heritage and to integrate the structure into the surrounding area.*

4. Beidh na socraithe i gcóir soláthair uisce agus draenáil, san áireamh uisce dromchla a dhíúscairt, ag cloí le riachtanaisí an údaráis pleanála ag baint lena leithéid d'oibreacha agus seirbhísí. Go háirithe caithfidh an fhorbairt bheartaithe cloí leis na riachtanaisí seo a leanas:
- Caithfear stop a chur le húsáid umar seipteacha atá i bhfeidhm agus lonnaithe in aice nó cóngarach don laithreán agus caithfidh aon eisiltigh ó na tithe atá ann agus ón leithris phoiblí dul chuig an umair seipteach nua atá ceadaithe faoi chead pleanála seo.
  - Seolfar na sonraí faoi dearadh agus faoi sonraíocht an umair seipteach, an bealach cruinn de phiópáin oibre agus modh cheangail chuig an umair seipteach chuig an údaráis pleanála chun aontú scríofa a fháil sula gcuirfear tús leis an bhforbairt.
  - Tógfar fálú oiriúnach timpeall teorainneacha an ghoirt ina mbeidh an umar seipteach agus áit síothlaithe lonnaithe.
  - Beidh dearadh an chórais chóireála eisiltigh san áireamh an umar seipteach, scagairí gainimh agus snasú agus áit síothlaithe chomh maith le fálú teorainneacha ag (c) ar aon dul le le riachtanaisí an údaráis pleanála. Seolfar sonraí faoi na rudaí seo chuig an údaráis pleanála chun aontú scríofa a fháil sula gcuirfear tús leis an bhforbairt.
  - Beidh pointí samplála curtha i bhfeidhm chun éifeacht an umair seipteacha a mhonatóiriú san áireamh scagairí snasú gainimh agus aontóidh an forbróir clár monatóireachta leis an údarás pleanála sula gcuirfear tús leis an bhforbairt.
  - Caithfidh an forbróir gaistí gréisce a chur isteach agus iad a chothabháil agus beidh láithreáin na ngaistí aontaithe idir an t-údarás pleanála agus an forbróir.
  - Beifear ag baint sloda as an umar seipteach go rialta agus caithfear déileáil leis an sloda i slí oiriúnach don chomhshaoil agus trí mhodh cuí. Caithfidh an forbróir sonraí de Chóras Bainistíochta Sloda atá beartaithe a sheoladh chuig an údarás pleanála san áireamh sonraí ar an slí ina bhfuil sé beartaithe an sloda a bhaint amach as an umar seipteach agus ar an bplean chun an sloda a dhíúscairt, san áireamh na suíomhanna díúscairthe, laistigh de thréimhse trí mhí ó dháta an ordú seo.
  - Sula nglactar seilbhe ar an gcafé, caithfidh an forbróir teastas ó dhuine ceadaithe a fháil, sealbhóir árachais slánaíochta ghairmiúla, a sheoladh, ag lua go bhfuil an t-umar seipteach, áit síothlaithe agus an scagaire snasú curtha isteach i gceart ar aon dul leis na sonraíochtaí a bhí leagtha amach san iarratas pleanála agus chomh maith le sin ar aon dul leis na cionnollacha atá leagtha amach san ordú seo.
- Cúis: Ar mhaithe le sláinte an phobail, chun truailliú a sheachaint agus chun caighdeán maith forbartha a chinntiú.

*Water supply and drainage arrangements, including the disposal of surface water, shall comply with the requirements of the planning authority for such works and services. More specifically the development shall comply with the following:*

- The use of the existing septic tanks located within or adjoining the site shall be discontinued and/or all of the effluent from existing houses, public toilets and the proposed development shall be directed to the new septic tank facility the subject of this permission.*
- Details of the design and specification of the septic tank, the precise routing of pipe work and method of connection to the septic tank shall be submitted to and agreed in writing with the planning authority prior to the commencement of development.*
- Suitable fencing shall be erected round the boundaries of the field within which the septic tank and percolation areas are located. (d) The design of the effluent treatment system including the septic tank, sand and polishing filters and percolation area together with the boundary fencing at (c) shall comply with the requirements of the planning authority. Details shall be submitted to the planning authority for written agreement prior to the commencement of development.*
- Sampling points to enable monitoring of the effectiveness of the septic tank and sand polishing filter shall be included and a monitoring programme agreed with the planning authority prior to commencement of development.*
- The developer shall install and maintain grease traps at locations to be agreed with the planning authority.*
- The septic tank shall be desludged on a regular basis and the sludge disposed of in an environmentally safe and appropriate manner. The developer shall provide details of the Sludge Management System proposed and including details of the means by which desludging of the septic tank is to be carried out and the sludge disposal methods to be employed to include disposal locations, to the planning authority within three months of the date of this order.*
- Prior to the occupation of the café, the developer shall submit a certificate from an approved person, the holder of professional indemnity insurance, stating that the septic tank, percolation area and polishing filter have been installed in accordance with the specifications for the wastewater treatment system outlined in the planning application and in accordance with the terms of this order.*

*Reason: In the interest of public health, to prevent pollution and to ensure a proper standard of development.*

5. Caithfidh an forbróir a bheith ag éascú leis an údarás pleanála chun iarsmaí nó gnéithe sheandálaíochta a chaomhnú, a thairfeadh, nó trí mhodhanna eile nach iad, na rudaí seo a bheadh le fáil san áit a chosaint. Chun é sin a dhéanamh caithfidh an forbróir:-
- fógra a thabhairt chuig an údarás pleanála ar a laghad ceithre seachtaine roimh tús aon oibre a dhéanamh ar an suíomh (san áireamh aon fhiosrú ag baint le cúrsaí hidreolaíochta nó geoteicneolaíochta) a bhaineann leis an bhforbairt atá beartaithe,
  - seandálaí atá cuí-cháilithe a fhostú a bheith ag faireachán aon suaithe a tharlódh ar an talamh a bhaineann leis an bhforbairt beartaithe agus san áireamh a bhaineann leis an umar seipteach agus áit síothlaithe, agus (c) chun socraithe oiriúnach a sholáthair mar gheall ar aon gnéithe sheandálaíochta a thairfeadh agus a aistriú a shamhlófar a bheith oiriúnach iadsan a baint amach.
- Cúis: Ar mhaithe le hoidhreacht sheandálaíochta an suímh a chaomhnú agus chun aon iarsmaí a bheadh ann sa suíomh a chaomhnú. The developer shall facilitate the planning authority in preserving, recording or otherwise protecting archaeological materials or features that may exist within the site. In this regard, the developer shall -

- notify the planning authority in writing at least four weeks prior to the commencement of any site operation (including hydrological and geotechnical investigations) relating to the proposed development,*
- employ a suitably-qualified archaeologist who shall monitor all ground disturbances associated with the proposed development and including the septic tank and percolation area, and*
- provide satisfactory arrangements for the recording and removal of any archaeological material which may be considered appropriate to remove.*

*Reason: In order to conserve the archaeological heritage of the site and to secure the preservation of any remains which may exist within the site.*

6. In ainneoin forálacha na Rialachán um Pleanáil agus Forbairt, 2001, mar atá leasaithe, ní chuirfear tús le haon forbartha eile gan cead pleanála a bheith faighte roimhe sin. Go háirithe, caithfear cead pleanála a fháil ar leithligh i gcásanna a bhaineann le comharthaí, fógraí, aeróga, soilsíú seachtach agus míasa satailíte.
- Cúis: Ar mhaithe le háiseanna radharcana na háite agus oidhreacht ailtireachta a chaomhnú agus chun an strúctúr a bheith imeasctha leis an timpeallacht.

*Notwithstanding the provisions of the Planning and Development Regulations, 2001, as amended, no further development shall take place without a prior grant of planning permission. More specifically, signage, advertisements, aerials, external lighting and satellite dishes shall be subject to separate planning permissions.*



*Reason: In the interest of visual amenity and architectural heritage and to integrate the structure into the surrounding area.*

7. (a) Sula gcuirfeadh tús le haon oibre ar an suíomh, caithfidh an forbróir meastóireacht agus cainníochtú a chur i bhfeidhm chun cinnteacht a bhaint amach maidir leis an méid dramhaíola togála agus tochailte ar dhócha iad a tharlúint i rith gach tréimhse forbartha/togála agus caithfeadh plean bainistíocht dramhaíola agus plean diúscairtha a chur i bhfeidhm chun déileáil le haon dramhaíola. Seolfar cóip den plean seo chuig an údarás pleanála chun aontú a fháil sula gcuirfeadh tús leis an bhforbairt.

(b) Sula gcuirfeadh tús leis an bhforbairt, cuirfeadh plean bainistíochta tógála chuig an údarás pleanála chun aontú scríofa a fháil. Sa phlean seo leagfar amach sonraí atá ceaptha maidir le cleachtas togála na forbartha chomh maith le teorainn cúrsaí togála agus cur síos ar gach áit stórála a bhaineann leis an bhforbairt.

Cúis: Chun déileáil i gceart le cúrsaí bainistíochta tógála dramhaíola agus stórála i rith tréimhse togála na forbartha ar mhaithe le háiseanna radharcanna na háite agus chun timpeallacht an Oileáin a chosaint go ginearálta.

(a) *Prior to the commencement of any works on site, the developer shall carry out an evaluation and quantification of all construction and excavation waste likely to arise during all phases of development/construction and shall develop a waste management and disposal plan for all such wastes arising. A copy of this plan shall be submitted to the planning authority for agreement prior to the commencement of development.*

(b) *Prior to the commencement of development, a construction management plan shall be submitted to the planning authority for written agreement. This plan shall give details of intended construction practice for the development and shall specify the boundary of the construction works and all areas of associated storage.*

*Reason: To provide for the appropriate management of waste and storage of building materials arising from the construction phase of the development in the interest of visual amenity and protection of the environment of the Island generally.*

8. (a) Ní ceadófar cásanna pacála, cairtchlár, páipéar phlaisteach nó aon bruscair eile a bheith stóráilte aon tráth lasmuigh den bhforbairt.

(b) Sula gcuirfeadh tús leis an bhforbairt, caithfidh an forbróir plean a chur faoi bhráid an údarás pleanála chun aontú scríofa ón údarás sin a fháil agus sa phlean seo beidh sonraí leagtha amach maidir le bruscair na forbartha a bhainistiú agus a dhiúscairt i gceart, san áireamh áiseanna a chur ar fáil chun an bhruscair a stóráil, a scartha agus a bhailiú agus go háirithe chun bruscair a athchúrsáil agus caithfeadh sonraí a bheith ann freisin maidir leis na háiseanna seo a choimeád ar siúl sa todhcháil.

Cúis: Chun déileáil i gceart le cúrsaí bainistíochta agus diúscairtha dramhaíola laistigh den timpeallacht fogair an Oileáin seo agus chomh maith le sin chun bhruscair a athchúrsáil más iomchuí, chun timpeallacht na háite a chaomhnú i gcoitinne.

(a) *No packing cases, cardboard, plastic paper or other litter shall be stored at any time externally.*

(b) *Prior to commencement of development the developer shall submit, and obtain the written agreement of the planning authority to, a plan containing details for the management and disposal of waste arising from the development, including the provision of facilities for the storage, separation and collection of the waste and, in particular, recyclable materials, and for the ongoing operation of these facilities.*

*Reason: To provide for the appropriate management and disposal of waste within this sensitive Island environment and also to provide for the recycling of materials where appropriate in the interest of protecting the environment generally.*

9. (a) Caithfeadh bundaí a chur i bhfeidhm timpeall na n-áiseanna coimeáda ola agus breosla idir sealadach agus buan agus ní mór don chonraitheoir a bheith cinnte ná ch scaoilfeadh aon ola, gréisc nó pé rud salach nó truailléan isteach chuig aon draenach, silteáin, nó sruthchúrsa.

(b) Sula gcuirfeadh tús le haon oibreacha togála caithfeadh baic siolta a chur isteach chun nach mbeadh seans go líonfadh na sruthchúrsaí le siolta. Caithfeadh uisce a fuarthas ón tochailt ar an suíomh a dhíriú amach trí chóras síothlaithe sula mbeidh saidsan scaoilte amach.

Caithfeadh sonraí mar gheall ar (a) agus (b) thuaslaite a sheoladh chuig an údarás pleanála chun aontú scríofa a fháil sula gcuirfeadh tús leis an bhforbairt.

Cúis: Chun smacht a chur ar truailliú san áit fogair comhshaoil tuaithe seo.

(a) *Bunds shall be installed around all oil and fuel containment facilities both temporary and permanent and the contractor shall ensure that no oil, grease or other objectionable matter is discharged into any drain, sewer or watercourse.*

(b) *Silt traps shall be installed prior to the commencement of any construction works to prevent siltation of watercourses. Waters pumped from excavations on site during the course of the construction phase of the development shall be directed through a settlement system prior to discharge.*

*Details of (a) and (b) above shall be submitted to the planning authority for written agreement prior to the commencement of development.*

*Reason: In order to control pollution in this sensitive rural environment.*

10. Íocfaidh an forbarthóir suim airgid don údarás pleanála mar ranníoc i leith bonneagair phoiblí agus saoraidí poiblí a théann chun tairbhe d'fhorbairt i limistéar an údarás pleanála agus a sholáthraítear, nó a bhfuil ar intinn go soláthrófar iad, ag an údarás áitiúil nó thar a cheann de réir téarmaí na Scéime Ranníocaí Forbartha déanta faoi Alt 48 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000. Íocfar an ranníoc roimh thosnú na forbartha nó ina leithéid de íocaíochtaí comhleanúnacha a éascódh an t-údarás pleanála agus bíodh sí faoi réir aon fhorálacha chúil innéacsaithe den scéim ag am an íochta. Aontófar sonraí curtha chun feidhme téarmaí na scéime idir an t-údarás pleanála agus an forbarthóir nó, ceal aontaithe, déanfar an ní a tharchur chuig an mBord chun breith a thabhairt ar chur chun feidhme téarmaí na scéime go cuí.

Cúis: Is riachtanas den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 go gcuirí coinníoll leis an gcead ag éileamh ranníoc de réir na Scéime Ranníocaí Forbartha atá déanta faoi Alt 48 den Acht sin.

*The developer shall pay to the planning authority a financial contribution in respect of public infrastructure and facilities benefiting development in the area of the planning authority that is provided or intended to be provided by or on behalf of the authority in accordance with the terms of the Development Contribution Scheme made under section 48 of the Planning and Development Act 2000. The contribution shall be paid prior to the commencement of development or in such phased payments as the planning authority may facilitate and shall be subject to any applicable indexation provisions of the Scheme at the time of payment. Details of the application of the terms of the Scheme shall be agreed between the planning authority and the developer or, in default of such agreement, the matter shall be referred to the Board to determine the proper application of the terms of the Scheme.*

*Reason: It is a requirement of the Planning and Development Act 2000 that a condition requiring a contribution in accordance with the Development Contribution Scheme made under section 48 of the Act be applied to the permission.*

## Rolf Hook – Ealaíontóir Gearmánach san Ionad

*D'oscail Domhnall Mac Síthigh Taispeántas Ealaíne Rolf Hook ón nGearmáin in Ionad an Bhlascaoid Mhóir i nDún Chaoin ar an Aoine 23 Bealtaine 2008. Seo a leanas cur síos aige ar an dtaispeántas.*

Saolaíodh agus tógadh an t-ealaíontóir, Rolf Hook, i gceantar an Rhyne sa Ghearmáin in aice le Heidelberg. Tá cáil ar an gceantar san ó thaobh na fíona de agus ní bheidh aon tart ar éinne againn tráthnóna inniu mar tá fionta bána, dearga agus liathgheala ar bord aige. Is cathair léinn agus cultúir í Heidelberg leis na cianta. Bhí suim agus spéis an domhain ag Rolf i gcrainn agus adhmaid ó bhí sé in ann siúl agus tá sé ana bhuíoch dá athair gur thug sé an spreagadh san do. Chuaigh áilneacht na háite seo go mór i bhfeidhm air ar a chéad turas timpeall Chinn Sléibhe agus tá sé thar a bheith tógtha le leabhair mhórscribhneoirí an Bhlascaoid Mhóir.

Taispeántas neamhchoitianta agus éagsúil a bhí anseo ná faca a mhacasamhail riamh roimhe seo. Thóg sé ó thalamh na hÉireann mé agus chuir sé mo chuid samhlaíochta ar mire. Léiríodh sa taispeántas dúinn an fíormheas, an tuiscint agus an saineolas atá ag an ealaíontóir seo ar chrainn agus ar adhmaid an domhain mhóir, ar an nduine agus ar an dtimpeallacht. Bhí meas riamh ag na Gaeil ar chrainn agus na tréithe a lean iad. Siar sa chianaimsir bhí diandhlithe, *Bretha Comaitchesa*, ag cosaint crainn na tíre agus dá ndéanfadh duine éagóir ar chrann tabhachtach chuirfí bó bhainne mar fhíneáil air, pionós trom sa lá san. Is mór idir inné agus inniu. B'iad an dair, an coll, an cuileann, an iúir, an fhuinseog, an giúis agus an crann úll na crainn ba thabhachtaí dosna Ceiltigh. *Fíodh* an focal a bhí ar choill sa tseana Ghaolainn agus *feadh* na uimhir iolra. Ceaptar go dtagann brí an bhaile fearainn, Imileá, as na focail, 'imill fheadha' mar bhíodh mórán giúise á fháil i sléibhte an bhaile fearainn sin nuair a bhí ag baint mhóna ann. Caithfidh go raibh coillte ann sa chianaimsir agus gur tógadh na tithe ar imeall na gcoillte sin. Tá gallán, an ceann is aoirde agus is breátha i gCorca Dhuibhne ina sheasamh in íochtar an bhaile fearainn Leataoibh Mór gairid do theorainn Imileá. Tá draíocht ag baint leis an ngallán ach níl éinní faoi leith ag baint



Cuid de Thaispeántas Rolf Hook san Ionad

leis an áit ina bhfuil sé ina sheasamh. Is deacair a dhéanamh amach canathaobh go bhfuil a leithéid in aonchor ann ach deirim amach go raibh crann éigin an-bheá ag fás anso uair go raibh fíormheas ag na daoine air agus chuireadar an gallán seo ina sheasamh in onóir an chrainn sin.

D'ainmnigh na Gaeil mórán bailte agus áiteanna ar fuaid na tíre go bhfuil baint acu le crainn agus coillte. I gCorca Dhuibhne tá Ard na Caithe, Seanachóill, Doire Uí Ghormáin, Cnocán an Chuilinn, Gort an Draighean agus a lán eile. Thugtaí an crann eo ar an gcrainn iúir sa tSeana Ghaolainn agus ainmnithe ina dhiaidh sin tá Eochail, Achadh Eochail, Muigheo agus Ros Eo i dtuaisceart Chontae Átha Cliath. Tá Aontroim agus Baile Átha Troim ainmnithe i ndiaidh an chrainn troim. Tá Doire Cholmcille, Na Doirí Beaga, Doireach againn i ndiaidh coillte daraí agus Cill Dara toisc gur thóg Naomh Bríde a clochar in aice le crann daraí. Bhí ardmheas ag na manaigh ar an ndair agus d'úsáideadar é sna mainistreacha go léir toisc gur adhmaid spioradálta é. Tá Iúir Chinn Trá, Imleach Iúir agus Tír an Iúir againn i ndiaidh an chrainn iúir. Níl aon teora lena bhfuil do áitainmeacha againn bunaithe ar shaghasanna difriúla crainn ó cheann ceann na tíre. Chomh maith leis sin tháinig tábhacht an adhmaid agus na gcrainn anuas chughainn sa chaint mar atá, 'chomh righin le gad' agus an dá ní is láidre ar domhan ná, 'bíoma ar a cheann nó bean ar a drom.' Tá gontacht cainte sa

ráiteas álainn seo agus fadsaoil an chrainn iúir léirithe go fileata ann:

Trí each marcach  
Trí mharcach fiolar  
Trí fhiolar iúir  
Trí iúir crích  
Trí chrích deireadh an domhain.

Fágaimís ansan saíocht na nGael go fóill agus tagaimis tharnais go dtín ealaíontóir Gearmánach, Rolf Hook, agus a thaispeántas snaíodóireachta agus pictiúirí. Bhí dhá thaispeántas in aon taispeántas amháin ann. Bhí pictiúirí déanta aige as áilneacht an adhmaid, frámaí curtha orthu agus iad crochta ar an bhfalla. Deineann sé iad seo as sclátaí caola tanaí adhmaid atá chomh tanaí le ionga. Oibríonn sé ar na sclátaí seo le sceana go bhfuil faobhar nimhe orthu. Gearann sé iad, scamhann sé iad, scimeálann sé iad agus tugann sé chun cinn saibhreas, nádúr, pearsa, áilneacht agus éagsúlacht datha an adhmaid. Deineann sé pearsain dhaonna as an raidhse difriúil adhmaid a úsáideann sé. Cuireann sé na crainn ag caint linn. Cruthaíonn sé pictiúirí as adhmaid amhail is gur daoine iad. Cloisimid an t-adhmaid ag caint linn is na focail ar rith chughainn. Samhlaítear dom go labhrann na pearsain sna pictiúirí seo. Chuir siad i gcuimhne dhom an seanscéal mar gheall ar an rí, Labhraí Loinsigh, agus an dá chluais capall a bhí air. Bhí trí cinn acu seo bunaithe ar shaol, ar shaíocht, ar chaint agus ar chumas scéalaíochta mhuintir an Bhlascaoid Mhóir.



An t-ealaíontóir Rolf Hook ag an oscailt le Peadar Ó hUallaigh, Domhnall Mac Síthigh, Angela de Mórdha, Maria Simonds-Gooding agus Mícheál de Mórdha.

Bhí ceann acu faoi mar a bheifeá ag féachaint anuas ón spéir ar an Oileán. Bhí an tOileán mar léarscáil ach níobh ionann é agus gnáth léarscáil mar bhí sé seo ina bheathaidh. Bhí failteacha le feiscint, an Tráigh Bhán, an fharraige agus naomhóga ag luascadh ar a droim. Ansan dá gcasfá an pictiúir sin ábhairín agus féachaint air ó threo eile chíféá bean dheachumtha chuartha agus í beagnach nochtaithe. Meallann an t-adhmad sinn. Is maith linn é chuimilt, é láimhseáil, é bhraistint, é mhothú agus a bholadh a fháil. Tairgíonn sé sinn agus tugann sé sásamh agus suaimehneas dár n-aighe agus dár gcroíthe.



Chomh maith leis na pictiúirí bhí na píosaí sníodóireachta suite agus ina seasamh ar bhoscaí iarainn nó ar mhíotal dosmólta. Oibríonn sé orthu seo le gáinní, siséil agus sceana. Gabhann an sníodóir le nádúir an chrainn agus tugann sé chun cinn pearsantacht an chrainn. Gabhann sé leis mar atá in ann do faoi mar a thagann na focail ó bhéal an fhile go ndeintear dán dóibh. Tá pearsantacht ag gach crann

faoi mar atá ag an nduine. Tá deathréithe agus drochmhianach sa chrann díreach mar atá sa duine agus léirigh Rolf Hook é seo ina chuid saothair go helaíonta dúinn. Bhí banúlacht agus fearúlacht na timpeallachta léirithe go draíochtúil aige ina chuid saothair. Dhein sé comparáidí idir talamh mín féarmhar agus talamh garbh sléibhtiúil faoi mar a deirtear sna seanscéalta maidir le laochra na Féinne i mbun cruachomhraic dóibh go, 'ndeineadar talamh bog don dtalamh cruaidh agus talamh cruaidh don dtalamh bog, dheineadar ardáin dos na hísleáin agus ísleáin dos na hardáin.'

Bhí píosa amháin, ach go háirithe, a thaitníonn ana-mhór liom agus b'é sin an broigheall mar ba léir go raibh lán thuiscint aige ar an éan farraige sin. Ba léir dom go raibh an broigheall díreach taréis tuirlingt ar an gcarraig agus go raibh sé á dhíriú fhéin inairde lena sciatháin a leathadh amach chun iad a thriomú. Bhí roghnú nádúrtha déanta ag an snaíodóir ar an bpíosa adhmaid chun an íomhá seo a chruthú.

I láthair ag oscailt an taispeántais bhí Peadar Ó hUallaigh — file, ceoltóir agus amhránaí, agus Gearmánais ar a thoil aige, bail ó Dhia is ó Mhuire air. Sheinn sé 'Port na bPúcaí' ar an bhfeadóig mór, agus chan sé na hamhráin, 'A Stór mo Chroí' agus 'Iníon an Phailitínigh' dúinn. Dála an scéil deineadh an fheadóig mhór atá ag Peadar i Londain sa bhliain 1827 as adhmaid an chrainn cócais a fhásann i Cuba.

Lean an taispeánas san Ionad go deireadh an Mheithimh.

## Lá an Dreoilín

Peadar Ó hUallaigh

(In ómós do

Mhuiris Mhaidhc Léan Ó Guithín)

Straoilleann dreoilín Dhún Chaoin  
tré gheata an tseantí bháin  
ag bun an Chlasaigh.  
Aghaidheanna fidil agus balcaisí daite  
ag plúcadh isteach sa phóirse leo.  
Dearcaim ar an seandúine tanaí  
sa chathaoir adhmaid i lár an  
tseomra, gan aon cheann á  
thógaint aige  
don slua ildaite atá ag ramsáil  
is ag ceáfráil mórtimpeall an urláir,  
fé mar a bheadh a leithéidí sin  
ag bualadh isteach lá ar bith chuige.

Shuíos anseo tráth sa tigh lom simplí  
i dteannta Mhuiris Mhaidhc Léan,  
a ghuth séimh íseal ag eachtraí  
ar na blianta fadó siar,  
ag gabháilt do photaí is ag tarrac  
líonta.

An Blascaodach támáilte ag insint  
faoine cheannaí éisc i mbád seóil  
a thagadh an cósta aneas sna  
tríochaidí,  
aistear fada thar farraige anonn  
go dtí Bealach an Oileáin is an  
Inneoin,  
agus na hiascairí ansiúd i mbarra a  
maitheasa.

N'fheadar an mbíonn comhthalán  
croíúil  
ag líonadh an tí ag Muiris gach aon  
lá?

Cuimhní chomh geal ós na  
seanlaethanta  
gur bheag an tsuim dó ragarí an  
cheoil  
ag tranglail an tí thart timpeall air,  
agus é faoi dhraíocht ar aon nós, fiú  
gan iad.

Nó an streoilíní sí a thagann chuige  
ón saol eile, ina dtaibhsí 's ina  
sprideanna?



## Basket Descendent Climbs Kilimanjaro



Maureen Carney Hayes, daughter of Michael J. Carney of The Great Blasket Island and Maureen P. Carney of Frenchpark, Roscommon, successfully climbed Mount Kilimanjaro in February, 2008.

by Gerry Hayes

At just under 20,000 feet (5,895 meters), Mount Kilimanjaro is the highest point in the continent of Africa, the highest free-standing mountain in the world, and the highest volcano in the world. It is one of the “Seven Summits”, the highest point on each of the earth’s continents, and is located in the nation of Tanzania on the east coast of Africa.

Maureen is a resident of Springfield, Massachusetts, USA. She is the President of Hayes Development Services, a consulting firm focusing on urban economic development.

Kilimanjaro has become the focus of concern about global warming as rising temperatures threaten the year-round snows and glaciers at the mountain’s peak. The mountain’s white cap was made famous worldwide by Ernest Hemingway in his short story “The Snows of Kilimanjaro”. Maureen confirms that while the snows have receded in recent years, they are still very much in evidence.

Maureen climbed Kilimanjaro with three other women, Susana Hall of Longmeadow, Massachusetts, Suzanne Bridge of Somers, Connecticut and Judy Wood of New London, Connecticut. They were assisted by an African guide and a group of porters.

Maureen said that the climb was the

most difficult challenge of her life, but now the sense of accomplishment makes it all worthwhile. Not only was the climb physically strenuous, it also involved adjusting to the very thin air at the mountain’s high altitude.

The ascent took four days, with the final climb involving a nine hour climb that began just after midnight on February 9. Arriving at the summit at about 9:00 am, the climbers took in the vast expanse under a beautiful blue sky. Their stay at the summit was quiet brief; however, since a three hour descent and another three hour hike down the mountain were to follow.



Maureen said that after their climb, her group encountered a group of Irish climbers at their base camp. The group from Ireland consisted of five young men from Cork and one from Tralee. They were pleased to wish them well as they departed on their own adventure.

Reflecting on the climb, Maureen said that the difficulties encountered along the way reminded her of the day-to-day difficulties faced by the inhabitants of The Great Blasket Island. As on the Great Blasket, the only way to succeed in the face of constant challenge was to rely on the mutual support of the entire group. And, the human bonds formed under these circumstances will last a lifetime.

***As on the Great Blasket, the only way to succeed in the face of constant challenge was to rely on the mutual support of the entire group.***

## Cuairt ar an mBlascaod

*I Mí Iúil na bliana 2008 thug Yvonne Drury ó Southwick West Sussex, U.K., cuairt ar Ionad an Bhlascaoid agus ar an Oileán féin. Agus an leabhar Fiche Bliain ag Fás as Béarla á léamh aici, chuaigh an timpeallacht, an áilleacht agus an suaimhneas i bhfeidhm go mór uirthi – gur dhóigh léi go raibh Muirísín Óg agus a chairde ag rith is ag rás timpeall uirthi. Chuir sí peann ar phárl...*

**I**hear children laughing as a young lad calls

*‘God be with you, Tomás.’*

*‘The same God with you. Wouldn’t it be a fine day on the hill. Would you have any courage for it?’*

*‘Your soul to the devil. Let us go.’*

I run with them, barefoot, up the grassy slope. I run past the last of the houses, up and up. Round the hill we go.

Wait for me Mirrisheen. Wait for me Tomás, I cry, but they are gone – off to gather the gulls egg in the Scórnach.

I, breathless, sit and watch the birds wheeling and circling the high cliffs. I fear for the boys, slipping and sliding down those steep slopes.

Tomás, I call. Musha, be careful.

I think I hear them laugh at my plea, but it is only the wind soughing through the heather.

I am alone, sitting here on top of the world, grassy-mountain high, the deepest blue of the ocean below me; waves, white against the black rocks, and the fragrant smell of the soft earth beneath me. I lie back, surrendering to the silence. Let the children play. Let them be free. God willing, they’ll be safe enough.

Alone I walk, treading a narrow path, picking my way through some boggy bits. I am higher now and can see all around – the Sleeping Giant to the north; to the south, across the blue waters, Macgillycuddy Reeks splendid in a purple haze. Far out to the south-west, shining like little cockles floating on the water Little Skellig and Skellig Michael. Silent still, I walk the path that winds down the other side of the hill. No wind. Warmer here. I wonder where Pierce Ferriter’s cave is. The boatman told the story of the man who hid in the cave with



## I gCuimhne David Byers

**Bhí brón agus díomá ar bhaill na Fondúireachta nuair a chualamar an scéal go raibh David Byers tar éis bás a fháil go hobann ar an 6ú Meán Fómhair 2008, in aois a 55 bliain.**

Ní raibh ann ach mí roimhe sin go raibh David agus na hoifigigh ó Oifig na nOibreacha Poiblí inár measc sa Disert i lár an Daingin ag an éisteacht phoiblí faoi thodhchaí an Bhascaoid. Labhair David go macánta ag an éisteacht agus do thug sé freagraí díreacha, stuama ar shraith ceisteanna ón bpobal agus ó Ruairí Mac Samhráin, an cigire ón mBord Pleanála, faoi pholasáí an Stáit i leith chaomhnú an oileáin.

Le blianta beaga anuas, bhí ról lárnach ag an Uasal Byers ins na comhráití le clabhsúr a chur ar an bPlean Bainistíochta don mBlascaod. Chothaigh sé deachaidreamh leis na príomhúinéirí ó Bhlascaod Mór Teo. agus thug sé spreagadh dúinn uile atá i mbun feachtais le fiche bliain anuas chun an Blascaod Mór a chaomhnú mar Pháirc Náisiúnta Stairiúil. Cuimhneofar air nuair a thiocfaidh an obair seo chun críche, le cúnamh Dé.

David Byers was born in Newry in 1953 and educated at Wesley College in Dublin. His untimely death was a great shock to friends and colleagues, in the Office of Public Works, in west Kerry and in many parts of Ireland. The range of figures from Irish public life who joined in his memorial service in the Mansion House was a testament to David's special contribution to Irish public administration.

Since 2001, he was the Commissioner of Public Works in charge of State property and projects. His previous roles in OPW

included assistant principal architect and manager of Dublin Castle. He was the first architect in modern times to become a commissioner of the OPW and might well have become its chairman after Seán Benton retires.

"David made an immense contribution to the OPW," said its chairman, Seán Benton. "He was inspirational, charismatic and outspoken - someone who could cut through bureaucracy as if it was butter. If you asked him to do something, you had to be sure you wanted it done because if you had second thoughts, it would be too late."

The rationalisation of the State's property portfolio was one of David Byers' biggest achievements. The OPW's disposal of sites such as the former veterinary college in Ballsbridge at the height of the property boom netted over €550 million for the exchequer — more than the partial privatisation of Aer Lingus in 2006.

Byers played a leading role in OPW projects such as the extension to the Irish Museum of Modern Art near Heuston station, plans for the Exploration Station science museum, the restoration of Farmleigh House as a State facility to host visiting heads of state and the new Battle of the Boyne centre at Oldbridge, county Meath.

Mary Heffernan, manager of Farmleigh, Castletown House and Kilkenny Castle, described Byers as a maverick who was "fired up with the idea of making these places more relevant to people's lives". Such was his enthusiasm for opening them up that he inspired great loyalty in all of those who work in historic properties.



In the late 1980s, he worked with two other OPW architects, Klaus Unger and Angela Rolfe, on two high-profile public projects - the conference centre in Dublin Castle and the renovation of Government Buildings in Merrion Street; the latter project was closely associated with Taoiseach Charles Haughey. Byers, who stood 6ft 5in tall, was a familiar figure in Dublin Castle, particularly during EU summits, when he would meet and greet heads of state or government.

D'fhág sé ina dhiaidh a bhean chéile Anne, maraon le beirt iníon, Sarah agus Jenna. Deirimid comhbhrón leo ina mbris. Ar dheis Dé go raibh a anam dílis.

Le buíochas don *Irish Times* as sleachta thuas. — Mícheál Ó Cinnéide.

only a stick for a weapon to fend off the English.

I stop short. Heart, be still, I say. For isn't it here down through the Furrows Daddo is taking young Maurice to see the ledge of rock that hides the Cave.

'Look now.' I hear through the still air. 'Do you see that ledge of rock? That's the Cave. The entrance is under the ledge, and as the English soldiers came Pierce would give a thrust of the stick and send them over the cliff, one after the other. I will tell you the verse he composed here on lonely, stormy nights.'

Daddo's voice is soft and lilting. I put my ear to the ground to catch its music. But it is the cry of a bird I hear through the heather. I am alone.

As the path curves back towards the

village I see a small boat. The ferry!

But first I must go to Maurice's house. I must say goodbye. And thank you. And God willing, I will return.

I make my way down through the village. I know where he lives, the gable faces the sea. But there is no door. The roof has gone and the hearth is cold.

But as I scramble back into the waiting dinghy, I know the spirit of these people is in the air, their voices are heard on the wind and the gulls tell their story to any one who will listen.



Tigh Mhuiris Uí Shúilleabháin

— Áir mbuíochas leat Yvonne, as an alt álainn smaointeach a scríobh tú. -E Uí C.

## An Cóipleabhair Scoile

Ag féachaint siar ar Uimhir 22 den Caomhnóir, Nollaig na bliana 2001, tá cur síos ar Mháire Ghobnait Guithín, Mary Baines, agus ar a cóipleabhar scoile atá in Ionad an Bhlascaoid Mhóir.

Go bhfios dom, is í Máire an t-aon duine óg ón Oileán, a thug a cóipleabhar léi nuair a d'fhág sí an scoil, a thug léi é go dtí An Muiríoch nuair a b'éigean dí féin agus a deirfiúr, Nell, an tOileán a fhágaint ar chomhairle dochtúra, de bharr bhreiteacht a ndearthár. Agus nuair a chuaigh sí ar imirce go Sasana, thug sí léi arís é. B'shin an chuimhne luachmhar a bhí aici ar a hóige san Oileán.

Sa bhliain 1993, tháinig sí ar saoire go dtí a deirfiúr Nell ar an gCoimín i mBaile na nGall. Bhuaileas léi. Bhí scannánaíocht á dhéanamh ag Bob Quinn, thar ceann na Fondúireachta, orthu siúd ón Oileán a bhí fágtha ar an bhfód dúchais.

Mar a dúrt, bhuaileas le Máire, bean éadtrom-chroíach mheidhreach, a labhair go hoscailte faoin saol anseo agus i Sasana. Agus bhronn sí an cóipleabhar orm.

Ba mhór agam an bronnadh sin. Mo thuairim go bhfuil an leabhar sin chomh tábhachtach le leabhra eile i leabharlann foilsithe an Bhlascaoid.

Tá Máire imithe uainn anois, Solas na Glóire dá hanam, agus seo thíos cúpla leathanach ón gcóipleabhar sin, agus má tá cúpla focal ann atá imithe in éag imeasc na ndaoine sa lá atá inniu ann, nach breá an t-ábhar cainte iad?

### An Droch Uain

Nuair a bhíonn na roileaga ag sgreadaigh  
Éanlaithe mara 'na stad ar an dtalamh tirim  
Nuair a eitlfeann an fiach mara go hárd sa spéir

### Báisteach

Nuair a bhíonn an spideóigín ag amhrán ar maidin go moch  
Na cearca á bpiocadh féin  
An forchadh ag snámh ar a leath cliathán  
Nuair a bhíonn an téan dearg ag feadaoil  
Na cábóga á ní féin  
Na croscáin 'na stad ar na carraigreacha, bíonn gaoth aneas  
agus báisteach air.

### Ainmhidhthe

Nuair a bheidh an madra ag strachadh an fhéir beidh báisteach air.  
Nuair a bheidh an cat agus a thóin leis an dtine nó ag ní a aghaidh, sin báisteach chugat.  
Nuair a bheidh an rón 'na chodladh ar bharr an uisce ar nós buidéal – báisteach air.  
Nuair a thagann an madra uisce ar an dtalamh tirim, agus é ag feadaoil – báisteach.  
Nuair a bheidh scata ainmhí le hais cósta na talún beidh gaoth aduaidh air.

### An Ghrian

Nuair a bhíonn cosa cailighe ón ngréin ar maidin agus  
Nuair a théann sé fé go geal, beidh báisteach air.  
Seilfí cauiche ar an bhféar glas, sin báisteach, gaoth aniar aduaidh.

Simné a bheith as an dTiaracht  
Tonnta móra sa bhfarraige – sin báisteach.

### An Tigh.

Nuair a bheidh an tigh ag cnagadh, beidh báisteach air.

### An Spéir.

Bearra na gcaorach a bheith ann agus "staothadh an ghabhair"

Spéir dhearg theas ar maidin sin sóinseáil.

Spéir dhearg thiar cloth agus grian.

### An Fharraige

Fuaim trom do bheith aice agus scáth na gcarraigreacha do bheith le feiscint innte.

### An Tine

Lasaire gorm sa teine, sin báisteach.

### An Cleagair

Nuair a bhíonn an cleagar ag seimint go dícheallach sin báisteach

Agus bíonn gléas 'sna clocha lá gréine

### An Duine

Nuair a bhíonn an duine ag tuitim dá chodladh bíonn bogaradh agus ceó air.

### Na Cuirliúin

Nuair a bhíonn siad seo ag screadaigh bíonn aimsear bhreá ann.

Taltaí eile a bheith ag féachaint i bhfad uait.

### Na Caoire

Nuair a bhíonn siad ag strapadoireacht anáirde i gcoinnibh na gcnoc.

Bun dubh a bheith ar an spéir thiar

Nuair a théann an ghrian fé agus dath dearg uirthé, bíonn aimsear bhreá ann.

### Na Faoileáin

Nuair a bhíonn siad 'na stad ar an dtráigh.

An 'láir bhán' a bheith trasna sa spéir agus réiltín a bheith ag a ceann agus ag a bun.

### Na Smólaigh

Nuair a thagann siad seo bíonn gaoth anois air.

"Clócaí gaoithe anoir" – scamail mhóra dubha a bhíonn ag imeacht sa spéir le gaoth anoir.

Do fuairesas an t-eolas seo ó Phádraig Ó Guithín

Tá sé trí fichead bliain.

Máire Ghuithín

Sa bhliain 1938 bailíodh béaloideas i scoileanna na tíre, An Blascaoid Mór ina measc.

Mar sin, tá na smaointe agus na focail seo ag dul siar 105 bliain agus beidh buanchuimhne againn ar Mháire Ghobnait, ar Phádraig, agus orthu siúd uilig, ón mBlascaoid, atá ag caint in ag comhrá imeasc na Naomh in airde.



—E. Uí C.



Máire, ar dheis, lena deirfiúr Nell ar an gCoimín.

## Imeachtaí in Ionad an Bhlascaoid 2008

Mura gcuirtear a mhalairt in iúl is iad foireann Oifig na nOibreacha Poiblí/ Ionad an Bhlascaoid a d'eagraigh na himeachtaí atá luaite. Cuirtear áiseanna an Ionaid ar fáil saor in aisce do eagrais áitiúla pobail a eagraíonn imeachtaí cultúrtha nó oideachais.

15/01/2008	Cruinniú Poiblí faoin dTuarascáil Teanga, le Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge & Roinn na Gaeltachta	
24/03/2008	Taispeáint an scannáin 'Mise Eire', arna eagrú ag Cumann Thomáis Ághas de Shinn Féin	
26/03/2008	Céad Léiriú an Scannáin 'Naomhóga: Ciaróga Dubha Chiarraí' le Woodend Films	
02/05/2008	Féile na Bealtaine: Mór-Cheolchoirm na Féile leis an mbanna ceoil 'Kila' san Ionad, arna eagrú ag Coiste Fhéile na Bealtaine.	
05/05/2008	Féile na Bealtaine: Siompóisiam Polaitíochta faoi chúrsaí Cúnaimh agus Trádála san Afraic, arna eagrú ag Coiste Fhéile na Bealtaine.	
09/05/2008	Kilmurray Culture Corner: Dráma faoi Peig Sayers léirithe san Ionad ag leanaí Scoile Chill Mhuire i gCo. An Chláir	
21/05/2008	Oíche Oscailte do lucht gnó na dúichí chun áiseanna agus taispeántas nua an Ionaid a chur i láthair roimh tús shéasúr an tsamhraidh.	
23/05/2008	Oscailt taispeántais dealbhóireachta 'Miongach an Chroí' le Rolf Hook.	
09/06/2008	Cruinniú de chuid na Seirbhíse Tacaíochta Dara Leibhéil don nGaeilge.	
27/06/2008	Cruinniú Chinn Bliana Chomharchumann Dhún Chaoin	
01-05/07/2008	Cúrsa Gaeltachta Chumann Bunmhúinteoirí Éireann, arna eagrú ag baill áitiúla an Chumainn	
05/07/2008	Léacht léirithe faoi Oileáin Hiort ar chósta Thiar na hAlban le Alasdair Mac Eachain.	
31/07/ & 15/08/2008	Ceolchoirmeacha eagraithe ag Máire Uí Shíthigh ó Oidhreacht Chorca Dhuibhne le lucht Chúrsa Gaeilge do dhaoine fásta.	
01/08/2008	Oscailt Taispeántais ealaíne le Di Pattison, Ealaíontóir agus Scríbhneoir ón mBreatain.	
02-04/08/2008	Taispeánadh cheithre scannán: 'The Village', 'Man of Aran', 'The Islandman' agus 'Looking for the Man of Aran' do phobal Dhún Chaoin ag Paul Hockings, Stiúrthóir an scannáin 'The Village' a taifeadh i nDún Chaoin sa bhliain 1967. Arna eagrú ag Dovia Teo.	
14/08/2008	Ceolchoirm leis an Tideswell Male Voice Choir	
13/09/2008	Féile Scannán an Daingin - Taispeánadh dhá scannán, 'Béal Tuinne' agus 'Vinyl Frontiers'	
13/09/2008	Oscailt Taispeántas Ealaíne le Antoinette O'Regan.	
02/10/2008	Féile Idirnáisiúnta Cheoil Aireagail Chiarraí: Oíche Ceoil Chlasaiceach agus <i>premiere</i> 'Stories from the Old World' píosa nua-chumtha i gcuimhne Pheig Sayers ag David Flynn. Arna eagrú ag Ceol Aireagail Chiarraí agus AnnÓg.	
08/10/08:	Comhdháil an 'Centre for Anaesthesia, University College London' i mbialann an Ionaid.	
10-12/10/2008	Ceiliúradh an Bhlascaoid 2008 faoin dtéama 'Imirce agus Imigéin'. Arna eagrú ag Ionad an Bhlascaoid/Oifig na nOibreacha Poiblí, Fondúireacht an Bhlascaoid agus Oidhreacht Chorca Dhuibhne.	
09/11/2008	Ócáid phoiblíochta don gcarthanacht 'Hope Guatemala', arna eagrú ag Máire Ruiséal agus Eddie Dikeman	


I rith na bliana bhí cruinnithe ag Comharchumann Dhún Chaoin san ionad.



**Cuid de dhara glúin Blascaodaigh ó Springfiend, Mass., ag Ceiliúradh an Bhlascaoid 2008.**  
 Ó chlé: Mike Óg Kearney, Seán Cahillane, Pádraig Moore, Bruce Fitzgerald agus Danny Warwick.



**Béal Átha**  
 le hInis Tuaisceart sa chúra ag Carol Cronin.  
 Féach dán ag a hathair, Joe Cronin, Ich. 13, agus súiomh idirlín Carol féin [www.carolcronin.com](http://www.carolcronin.com)



**Muiris Ó Bric**, Na Gorta Dubha agus Nua Eabhrac, ag Ceiliúradh an Bhlascaoid 2008



**An Bheidhlin ó Mheiriceá**

In ionad é a bheith ar taispeánt i gcás gloine nó á stóráil ar seif, beartaíodh go dtabharfaí bheidhlin Mhaidhc Pheats Mici Uí Chatháin ar iasacht do Choláiste Ide agus é in úsáid ag daltaí difriúla le linn dóibh a bheith ag foghlaim ceoil thraidisiúnta .


Ag ócáid bhronnta an bheidhlin ag deireadh 2007, bhí Edna Uí Chinnéide leis an dalta roghnaithe don scoilbhliain 2007-08, Olga Ní Fhearraigh, agus laistiar ó chlé, Máirín Uí Thuama, Boscó Ó Conchúir, Frances Uí Chinnéide, Máirín Ní Laoithe-Uí Shé agus Áine de Londra.

Pict. Marian Ní Fhíliatharta



**Buaic Chonachair bainte amach ag Mícheál de Mórdha**

an lá a sheas sé ar fhód aduain Hiort. B'álainn an radharc a léiríodh dó—Boreray agus na stocáin cúpla míle uaidh agus gan aon neach ina thimpeall ach na cánóga ina mílte ag screadaigh ar na háilteacha arda agus an fharrage mhór ghorm ag síneadh go hior na spéire ins gach treo. N'fheadar cad a déarfadh an Críomhthanach, Tomás, dá dtabharfadh a dhá chos anseo é? Bhí an suaimhneas agus an tsíochán chéanna ann, díreach mar atá le braith ar Chró an Bhlascaoid nó sa tsean-mhainistir ar Sceilig Mhíchíl (féach Ich. 16).



Go gairid i ndiaidh a bháis i 1985, foilsíodh cnuasach dánta le Caoimhin Ó Cinnéide. Foilsíodh an dara heagrán i mbliana le dánta breise, aistí agus grianghrafanna.



Foilsíodh i mbliana chomh maith bailiúchán de na léachtaí agus na cainteanna a tugadh faoin dtéama 'Cuisle Ceoil na nOileán' i rith Cheiliúradh an Bhlascaoid 2006.



**Ceolchoirm Cheiliúradh an Bhlascaoid,**

Christy Mac Gearailt agus Hannah May Hutch ag steipeadail do cheol Pádraig agus Ógie Uí Shé.